EUROPEAN UNION AGENCY FOR ASYLUM

**EUAA/MB/2024/070**

**Cinneadh Uimh. 161 ón mBord Bainistíochta an 13 Márta 2024**

**lena mbunaítear modheolaíocht choiteann don sásra faireacháin maidir le cur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn**

**TÁ AN BORD BAINISTÍOCHTA,**

AG FÉACHAINT do Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann[1] (dá ngairtear "Rialachán EUAA" anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 14(2) agus Airteagal 41(1)(x) de,

DE BHARR AN MÉID SEO A LEANAS:

1) De bhun Airteagal 14(1) de Rialachán EUAA, ba cheart don Ghníomhaireacht, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, sásra faireacháin a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn ("CET") chun easnaimh a d'fhéadfadh a bheith i gcórais tearmainn agus ghlactha na mBallstát a chosc nó a shainaithint agus chun measúnú a dhéanamh ar a n-acmhainneacht agus ar a n-ullmhacht maidir le cásanna de bhrú díréireach a bhainistiú chun éifeachtúlacht na gcóras sin a fheabhsú.

2) De bhun Airteagal 14(2) de Rialachán EUAA, ba cheart don Bhord Bainistíochta, ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus i gcomhairle leis an gCoimisiún, modheolaíocht choiteann a bhunú le haghaidh an tsásra faireacháin. Ba cheart a áireamh sa mhodheolaíocht choiteann critéir oibiachtúla ar dá réir a dhéanfar an faireachán, tuairisc ar na modhanna, próisis agus uirlisí le haghaidh an tsásra faireacháin amhail socruithe praiticiúla le haghaidh cuairteanna ar an láthair, lena n-áirítear cuairteanna ar gearrfhógra, agus rialacha agus prionsabail maidir le foirne saineolaithe a bhunú.

3) I gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán EUAA, chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an sásra faireacháin a chur ar bun trí mhalartuithe déthaobhacha agus i scríbhinn.

4) Bunaíodh Grúpa Comhairleach Faireacháin an 22 Feabhra 2023 ina raibh ionadaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún, chomh maith le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) mar bhreathnóir, faoi chomhordú na Gníomhaireachta. Ba é an cuspóir a bhí ann saineolas teicniúil a sholáthar in ullmhú na modheolaíochta coitinne trí phlé fairsing ar tháirgí insoláthartha le linn seacht gcruinniú agus in aighneachtaí i scríbhinn a rinneadh idir mí Aibreáin 2023 agus mí Feabhra 2024.

[1] Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (IO L 468, 30.12.2021, lch. 1).

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann
www.euaa.europa.eu
Teil.: +356 2248 7500
info@euaa.europa.eu
Winemakers Wharf
Vaileite, MRS 1917, MÁLTA

5) Tionóladh cruinniú téamach den Bhord Bainistíochta maidir le faireachán an 29 Feabhra 2024 [ar thángthas ar chomhaontú lena linn maidir leis an modheolaíocht faireacháin atá beartaithe].

6) De bhun Airteagal 41(1)(x) de Rialachán EUAA, ba cheart don Bhord Bainistíochta cinneadh a ghlacadh lena mbunaítear modheolaíocht choiteann don sásra faireacháin,

**TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:**

**Airteagal 1**
**Modheolaíocht faireacháin**

Glactar leis seo an mhodheolaíocht choiteann le haghaidh an tsásra faireacháin ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET, atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

**Airteagal 2**
**Líonra faireacháin**

Bunóidh an Ghníomhaireacht líonra faireacháin i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i gCaibidil 13 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chuirfear in ionad an Ghrúpa Chomhairligh Faireacháin a bunaíodh an 22 Feabhra 2023.

**Airteagal 3**
**Trédhearcacht**

Cuirfear an Cinneadh seo ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

**Airteagal 4**
**Teacht i bhfeidhm agus athbhreithniú**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha. Déanfar an Cinneadh seo a athbhreithniú d'fhonn athruithe reachtacha ábhartha agus ceachtanna a foghlaimíodh ón gcéim phíolótach a léiriú.

Arna dhéanamh i gCuan Vaileite

Thar ceann an Bhoird Bainistíochta

*Síniú ar comhad*

Evelina Gudzinskaitė
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

**Iarscríbhinn:** Modheolaíocht choiteann le haghaidh an tsásra faireacháin ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET

**Iarscríbhinn**

**Modheolaíocht choiteann le haghaidh an tsásra faireacháin ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET**

## Clár Ábhar

Clár Ábhar ........ 5
Acrainmneacha agus giorrúcháin ........ 7
Sainmhínithe ........ 8
1 Réamhrá ........ 10
1.1 Cúlra ........ 10
1.2 Cuspóir agus raon feidhme an tsásra faireacháin ........ 10
2 Treoirphrionsabail ........ 13
3 Próiseas faireacháin ........ 15
3.1 Cineálacha faireacháin ........ 15
3.2 Céimeanna faireacháin ........ 15
3.3 Gníomhaithe, róil agus freagrachtaí ........ 18
4 Critéir oibiachtúla ........ 20
4.1 Critéir oibiachtúla uileghabhálacha ........ 20
4.2 Critéir oibiachtúil réimse-shonrach ........ 22
5 Creat um bailiú agus anailísiú faisnéise ........ 26
5.1 Príomhghnéithe an bhailithe agus an anailísiú faisnéise ........ 26
5.2 Foinsí faisnéise chun críocha faireacháin ........ 27
6 Uirlisí chun críocha an tsásra faireacháin ........ 31
6.1 An ceistneoir Ballstáit ........ 31
6.2 Sampláil cásanna ........ 32
6.3 Uirlisí don chuairt ar an láthair ........ 36
7 Foirmliú torthaí agus moltaí faireacháin ........ 39
7.1 Tuarascáil maidir le faireacháin ........ 39
7.2 Torthaí ........ 40
7.3 Moltaí ........ 41
7.4 Beartas scaipthe na tuarascála faireacháin ........ 42
8 Gnéithe nós imeachta le haghaidh na gcleachtaí faireacháin ........ 43
8.1 Rialacha agus prionsabail maidir le foirne saineolaithe a bhunú ........ 43

*8.1.1 Comhdhéanamh na bhfoirne saineolaithe* ....43
*8.1.2 Struchtúr agus méid na bhfoirne saineolaithe* ....44
*8.1.3 Bunú na bhfoirne saineolaithe* .... 46
*8.1.4 Bunú an Uainchláir Faireacháin* ....47
*8.1.5 Critéir ghinearálta maidir le hainmniú shaineolaithe na mBallstát san Uainchlár Faireacháin* ....47
*8.1.6 Oiliúint, roghnú agus ceapadh sna foirne saineolaithe* .... 48
*8.1.7 Cur chun feidhme* .... 49
**8.2 Socruithe praiticiúla don chuairt ar an láthair** .... 49
*8.2.1 Rialacha ginearálta maidir le heagrú cuairteanna ar an láthair* .... 49
**9 Creat sonrach le haghaidh pleanáil theagmhasach ....52**
**10 Creat sonrach le haghaidh faireachán *ad hoc* ....55**
**11 Clár Monatóireachta: struchtúr agus critéir ghrúpála ....58**
**11.1 Faireachán tíre: grúpáil Ballstát** .... 59
**11.2 Faireachán téamach: clár faireacháin téamach bliantúil** .... 59
**11.3 Faireachán *ad hoc*** .... 60
**12 Sonraí pearsanta a chosaint chun críocha an tsásra faireacháin ....61**
**13 Ról an Líonra Faireacháin ....62**
**14 Athbhreithniú ar an modheolaíocht faireacháin ....63**

## Acrainmneacha agus giorrúcháin

| | |
|---|---|
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **An Coimisiún** | An Coimisiún Eorpach |
| **APD (athmhúnlú)** | Treoir maidir le nósanna imeachta tearmainn (athmhúnlú) Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (athmhúnlú) |
| **Ballstáit** | Ballstáit an Aontais Eorpaigh |
| **CEAS** | An Comhchóras Eorpach Tearmainn |
| **Comhordaitheoir Náisiúnta** | Comhordaitheoir Náisiúnta Faireacháin |
| **ESSanna** | Eagraíochtaí sochaí sibhialta |
| **EUAA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann |
| **MAG** | Grúpa Comhairleach Faireacháin |
| **Modheolaíocht** | Modheolaíocht choiteann le haghaidh an tsásra faireacháin |
| **MoNet** | Líonra faireacháin |
| **RCD (athmhúnlú)** | Treoir maidir le dálaí glactha (athmhúnlú) – Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (athmhúnlú) |
| **Rialachán Bhaile Átha Cliath III** | Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) |
| **Rialachán EUAA** | Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 |
| **UNHCR** | Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe |

## Sainmhínithe

Chun críocha na modheolaíochta faireacháin:

Ciallaíonn **modheolaíocht faireacháin** modheolaíocht choiteann le haghaidh an tsásra faireacháin lena n-áirítear “critéir oibiachtúla ar dá réir a fhéadfar an faireachán a chur i gcrích, tuairisc ar na modhanna, próisis agus uirlisí le haghaidh an tsásra faireacháin amhail socruithe praiticiúla i gcomhair cuairteanna ar an láthair, lena n-áirítear cuairteanna ar gearrfhógra, agus rialacha agus prionsabail faoi choinne foirne saineolaithe a bhunú” (Airteagal 14(2) de Rialachán EUAA).

Ciallaíonn **cleachtadh faireacháin** an cleachtadh a dhéantar mar chuid den sásra faireacháin, lena gcumhdaítear “cur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil ghnéithe uile CET i ngach Ballstát (faireachán tíre) nó gnéithe téamacha nó sonracha de CET maidir leis na Ballstáit uile (faireachán téamach), nó a dhéantar ar thionscnamh EUAA nó arna iarraidh sin don Choimisiún nuair atá ábhair imní thromchúiseacha ann maidir le feidhmiú chóras tearmainn nó glactha Ballstáit (faireachán *ad hoc*)” (Airteagal 15(1) de Rialachán EUAA).

Ciallaíonn **faireachán tíre** cleachtadh faireacháin lena gcumhdaítear “cur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil ghnéithe uile CET” i mBallstát sonrach (Airteagal 15(1)(a) de Rialachán EUAA).

Ciallaíonn**faireachán *ad hoc*** cleachtadh faireacháin a dhéantar “i gcás ina gcuirfear ábhair imní in iúl san anailís faisnéise ar staid an tearmainn dá dtagraítear in Airteagal 5 maidir le feidhmiú chóras tearmainn nó glactha Bhallstáit” agus a thionscnóidh an Ghníomhaireacht ar a tionscnamh féin i gcomhairle leis an gCoimisiún nó arna iarraidh sin don Choimisiún (Airteagal 15(2) de Rialachán EUAA).

Ciallaíonn **faireachán téamach** cleachtadh faireacháin “gnéithe téamacha nó sonracha de CET maidir leis na Ballstáit uile” (Airteagal 15(1)(b) de Rialachán EUAA).

Ciallaíonn **Comhordaitheoir Faireacháin EUAA** ball foirne EUAA a ghníomhaíonn mar chomhordaitheoir ar chleachtadh faireacháin tíre nó téamach.

Ciallaíonn **Comhordaitheoir Náisiúnta Faireacháin** príomhionadaí agus ionadaí malartach an Bhallstáit a thugann faoi chomhordú an chleachtaidh faireacháin agus a fheidhmíonn mar phríomhphointí teagmhála don Líonra Faireacháin.

Ciallaíonn **clár faireacháin** an clár lena léirítear “cé na Ballstáit” a bhfuil faireachán le déanamh ar a gcórais tearmainn agus ghlactha i mbliain ar leith. Áirithítear leis an gclár faireacháin go ndéanfar faireachán ar gach Ballstát “uair amháin ar a laghad gach 5 bliana” (Airteagal 15(1) de Rialachán EUAA). Cumhdaítear leis an gclár faireacháin faireachán tíre agus faireachán téamach araon.

Ciallaíonn **timthriall faireacháin** tréimhse 5 bliana ina ndéantar cleachtadh faireacháin tíre ar na Ballstáit uile uair amháin ar a laghad (Airteagal 15(1) de Rialachán EUAA).

Ciallaíonn **foireann saineolaithe** foireann a chuirtear ar bun ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin chun críocha cleachtadh faireacháin atá comhdhéanta de “shaineolaithe ó fhoireann na Gníomhaireachta

féin, ón gCoimisiún agus, i gcás inar gá, ó na Ballstáit agus, mar bhreathnóirí, ó UNHCR (Airteagal 47(5)(p) de Rialachán EUAA).”

Ciallaíonn **cuairt ar an láthair** an chuairt ar an mBallstát atá faoi athbhreithniú a dhéanann na foirne saineolaithe chun críocha an chleachtaidh faireacháin (Airteagal 14(5)).

Ciallaíonn **cuairt ar gearrfhógra** cuairt ar an láthair a dhéantar chun críocha cleachtadh faireacháin *ad hoc* i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán EUAA. “I gcás cuairteanna ar gearrfhógra, tabharfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin fógra 72 uair a chloig roimh ré don Bhallstát lena mbaineann” (Airteagal 14(7) de Rialachán EUAA).

Ciallaíonn **uainchlár faireacháin** uainchlár shaineolaithe na mBallstát a gcuireann EUAA ar bun é agus a bhainistíonn sé chun críocha an tsásra faireacháin.

# 1 Réamhrá

## 1.1 Cúlra

Déantar foráil le Rialachán EUAA[2] maidir leis an sásra faireacháin a bhunú (Airteagail 14 agus 15). I ndáil leis an méid sin, déanfaidh Bord Bainistíochta EUAA, ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach, modheolaíocht choiteann a bhunú don sásra faireacháin.

Chuige sin, thionscain EUAA dearadh an tsásra faireacháin faoin Chlár Aistrithe EUAA i mí na Samhna 2022. Chun cur chuige comhoibríoch a chothú i bhforbairt na modheolaíochta, bunaíodh Grúpa Comhairleach Faireacháin (MAG) i mí an Mhárta 2023 don chomhairliúchán maidir le gnéithe teicniúla an tsásra faireacháin. Agus é comhdhéanta d'ionadaí ó na Ballstáit, ón gCoimisiún Eorpach (an Coimisiún) agus ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) mar bhreathnóir, chuir MAG aiseolas ar fáil maidir leis na dréachtspriocanna insoláthartha, i scríbhinn agus i gcomhthéacs na gcruinnithe a eagraíodh idir mí Aibreáin 2023 agus mí Feabhra 2024.

Bunaítear leis an modheolaíocht na critéir oibiachtúla chun an faireachán a dhéanamh, leagtar amach inti na modhanna, na próisis agus na huirlisí le haghaidh an tsásra faireacháin, soláthraítear léi an creat chun faisnéis a bhailiú agus a anailísiú chun críche na gcleachtaí faireacháin, agus tugtar aghaidh inti ar ghnéithe nós imeachta amhail socruithe le haghaidh cuairteanna ar an láthair agus bunú foirne saineolaithe, mar aon le rialacha agus prionsabail.

## 1.2 Cuspóir agus raon feidhme an tsásra faireacháin

I gcomhréir le hAirteagal 78 CFAE, déanfaidh an tAontas comhbheartas a fhorbairt maidir le tearmann, cosaint choimhdeach agus cosaint shealadach d'fhonn stádas iomchuí a thairiscint do náisiúnach aon tríú tír a dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta uaidh agus chun comhlíonadh phrionsabal an *non-refoulement* a áirithiú. Caithfidh an beartas sin a bheith i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951 agus le Prótacal an 31 Eanáir 1967 maidir le stádas dídeanaithe agus i gcomhréir le conarthaí ábhartha eile. Is é is aidhm don Chomhchóras Eorpach Tearmainn (CET) limistéar coiteann cosanta agus dlúthpháirtíochta a bhunú laistigh den Aontas trí nósanna imeachta tearmainn agus glactha atá cothrom agus éifeachtach a bhunú bunaithe ar ardchaighdeáin chosanta, gluaiseachtaí tánaisteacha laistigh den Aontas a chosc nó a laghdú, agus muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a mhéadú.

Déanfaidh EUAA "faireachán ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET d'fhonn cabhrú leis na Ballstáit éifeachtúlacht a gcóras tearmainn agus glactha a fheabhsú" (Airteagal 2(1)(q) de Rialachán EUAA).

Le Rialachán EUAA (Airteagail 14(1) agus 14(2)), tugtar sainordú don Ghníomhaireacht an méid seo a leanas a bhunú:

[2] Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010.

*sásra faireacháin chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET [dá ngairtear "faireachán" anseo feasta] chun easnaimh a d'fhéadfadh a bheith i gcórais tearmainn agus ghlactha na mBallstát a chosc nó a shainaithint agus chun measúnú a dhéanamh ar a n-acmhainneacht agus ar a n-ullmhacht i leith bainistiú a dhéanamh i gcásanna ina mbeadh brú díréireach ann chun éifeachtúlacht na gcóras sin a fheabhsú.*

*Cumhdaítear leis an sásra faireacháin an méid seo a leanas go háirithe:*

*an córas lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 604/2013, na nósanna imeachta le haghaidh cosaint idirnáisiúnta, cur i bhfeidhm na gcritéar chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint agus an cineál cosanta a thugtar, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cearta bunúsacha a urramú, coimircí cosanta leanaí agus riachtanais shonracha daoine ar leochaileach a staid;*

*infhaighteacht agus acmhainneacht foirne ó thaobh aistriúcháin agus ateangaireachta de agus acmhainneacht na foirne chun cásanna tearmainn a láimhseáil agus a bhainistiú go héifeachtúil, lena n-áirítear achomhairc a láimhseáil, gan dochar do neamhspleáchas breithiúnach agus le lánurraim d'eagrú na mbreithiúna i ngach Ballstát;*

*dálaí glactha, acmhainneacht, bonneagar agus trealamh agus, a mhéid is féidir, acmhainní airgeadais maidir le glacadh.*

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach dtagann trasuí fhorálacha CET sa reachtaíocht náisiúnta faoi raon feidhme shásra faireacháin EUAA. Tá an Coimisiún inniúil chun a áirithiú go gcuirtear an dlí trasuite chun feidhme agus go gcomhlíontar an sprioc-am nó na sprioc-amanna is gá. Is ar an gCoimisiún Eorpach amháin atá an fhreagracht sin.

### Critéir oibiachtúla

Déantar an faireachán de réir critéir oibiachtúla atá struchtúrtha i gcomhréir le forálacha éagsúla CET agus comhlánaítear iad le sraith critéar a bhaineann le pleanáil theagmhasach agus ullmhacht. Cuirtear na critéir oibiachtúla i láthair i gCaibidil 4 Critéir oibiachtúla den mhodheolaíocht seo.

### Cur i bhfeidhm geografach

Tá Rialachán EUAA ina cheangal ar Bhallstáit uile an Aontais[3] cé is moite den Danmhairg. I gcomhréir le haithris 63, ní raibh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin agus níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

[3] Is iad seo a leanas Ballstáit an Aontais: an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir.

Saineofar comhar le tíortha comhlachaithe, eadhon an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis, i socruithe a tugadh i gcrích leis an Aontas i gcomhréir le haithris 65 agus Airteagal 34 de Rialachán EUAA. Áireofar sna socruithe sin forálacha a bhaineann le rannpháirtíocht i dtionscnaimh a dtabharfaidh an Ghníomhaireacht fúthu, ranníocaíochtaí airgeadais, rannpháirtíocht i gcruinnithe an Bhoird Bainistíochta agus na foirne.

**Teacht i bhfeidhm**

I gcomhréir le hAirteagal 73 de Rialachán EUAA, beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin a bhaineann leis an sásra faireacháin an 31 Nollaig 2023 agus, ar dtús, beidh an obair leantach ar chleachtadh faireacháin teoranta do na torthaí a roinnt leis an mBallstát lena mbaineann chun a mbarúlacha a fháil.

Tá teacht i bhfeidhm an dara céim den chleachtadh faireacháin – lena n-áirítear moltaí a dhréachtú agus a chur isteach lena nglacadh ag an mBord Bainistíochta, moltaí a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach a chur ar an eolas faoi chur chun feidhme moltaí, agus aon mhéadú breise a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás nach gcomhlíonfaí moltaí – faoi réir ionadú Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (Rialachán Bhaile Átha Cliath III). Shoiléirigh an Coimisiún Eorpach i dteachtaireacht chuig EUAA go bhfuil an t-ionadú le tuiscint mar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin a thagann in ionad Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

## 2 Treoirphrionsabail

I gcomhréir le Rialachán EUAA (aithris 20 agus Airteagal 14), tá sásra faireacháin EUAA bunaithe ar na prionsabail seo a leanas.

### Réamhbhreathnaitheach

Tá an faireachán dírithe ar an todhchaí agus coisctheach, tá sé dírithe ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, ó thaobh riachtanais a fhoirmliú chun feabhas a chur ar fheidhmiú foriomlán na gcóras tearmainn agus glactha, agus ó thaobh measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht agus ullmhacht na mBallstát cásanna brú dhíréirigh a bhainistiú. Leis an bhfaireachán, déantar meastóireacht féachaint an bhfuil na bearta ar chuir na Ballstáit i bhfeidhm iad oiriúnach don fheidhm chun easnaimh a chosc agus chun bheith ullamh do chásanna ina bhfuil brú méadaithe nó díréireach.

Sainaithnítear dea-chleachtais san fhaireachán chomh maith agus comhroinntear iad sin leis na Ballstáit eile go léir.

Beidh aon mholtaí a eascróidh as na torthaí nithiúil agus réalaíoch, agus an staid agus na himthosca iarbhír sa Bhallstát lena mbaineann agus na ceanglais a eascraíonn as CET, *inter alia* cúnamh EUAA, á gcur san áireamh.

### Cuimsitheach agus ábhartha

Tá an faireachán "cuimsitheach" (aithris (20) de Rialachán EUAA). Cumhdaítear ann gach gné de CET, agus aird á tabhairt, *inter alia*, ar urraim do chearta bunúsacha, ar choimircí cosanta leanaí agus ar riachtanais shonracha daoine ar leochaileach a staid.

Déantar na measúnuithe uile in aghaidh sraith critéar oibiachtúil réamhshainithe (féach Caibidil 4 Critéir oibiachtúla). Cumhdaíonn na critéir oibiachtúla réimsí éagsúla CET ar bhealach cuimsitheach. Laistigh dá chreat cuimsitheach, tabharfar tús áite sa sásra faireacháin d'aon easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann agus a mbeadh tionchar ní ba mhó acu ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET chun ábharthacht na dtorthaí a áirithiú trí dhíriú ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann. Go háirithe, tugtar tosaíocht don mheasúnú ar thorthaí a bhfuil tionchar níos mó acu ar na nithe seo a leanas:

1. éifeachtacht agus éifeachtúlacht na gcóras tearmainn agus glactha ar an leibhéal náisiúnta[4] (measúnú aonair, neamhchlaonta agus cothrom ar an iarratas laistigh de thréimhsí ama réasúnta);
2. ullmhacht chun cásanna brú dhíréirigh a bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta;
3. feidhmiú CET ina iomláine i dtaca leis na heasnaimh fhéideartha a shainaithnítear sa Bhallstát atá faoi athbhreithniú;
4. cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann, coimircí cosanta leanaí agus riachtanais shonracha daoine ar leochaileach a staid.

[4] Le linn na modheolaíochta sin cuimsítear leis an téarma "leibhéal náisiúnta" gach leibhéal eagraíochta náisiúnta: údaráis lárnacha, chónaidhme, réigiúnacha agus áitiúla, ag brath ar a sainordú faoi seach maidir le cur chun feidhme CET.

**Ní chuirfear isteach ar bith ar inniúlacht an Bhallstáit cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais aonair ar chosaint idirnáisiúnta.**

### Comhoibritheach agus trédhearcach

Déantar an faireachán i ndlúthchomhar agus le trédhearcacht iomlán leis an mBallstát lena mbaineann, lena n-áirithítear go gcoimeádtar na Ballstáit ar an eolas go rialta maidir le raon feidhme, gníomhaíochtaí, torthaí an fhaireacháin agus an fhaisnéis ar a bhfuil na torthaí bunaithe. I gcomhréir le hAirteagal 14(7) de Rialachán EUAA, “oibreoidh an Ballstát i gcomhar leis an nGníomhaireacht, lena n-áirítear trí éascú a dhéanamh ar aon chuairteanna ar an láthair a dhéantar chun críocha an chleachtaidh faireacháin.” Is éard atá i gceist leis sin go háirithe a áirithiú go mbeidh rochtain ag an bhfoireann faireacháin ar an bhfaisnéis is gá, ar phríomhphearsanra agus ar shuíomhanna ábhartha i gcomhréir leis na critéir oibiachtúla. Roinntear torthaí an fhaireacháin leis an mBallstát lena mbaineann chun a mbarúlacha a fháil, i gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán EUAA.

### Oibiachtúil agus cruinn

Tá torthaí faireacháin EUAA bunaithe ar fhianaise, bailítear faisnéis ar bhealach córasach agus ó raon leathan foinsí mar a shainítear sa mhodheolaíocht. Tugtar le tuiscint leis sin go ndéanfar anailís ar mhéideanna móra faisnéise cáilíochtúla agus cainníochtúla ó pháirtithe leasmhara éagsúla i gcomhréir leis an Rialachán chun cur chuige iomlán, cothrom agus oibiachtúil a áirithiú. Déantar an fhaisnéis a bhailiú agus a scrúdú go cúramach i bhfianaise na gcritéar oibiachtúil réamhchinntithe “na caighdeáin oibríochtúla, na táscairí, na treoirlínte agus na dea-chleachtais” a d’fhorbair EUAA (Airteagal 13(6) de Rialachán EUAA) a chur san áireamh.

Maidir le hionchur na mBallstát, úsáidtear an fhaisnéis atá ar fáil laistigh den Ghníomhaireacht a mhéid is féidir chun dúbláil iarrataí a sheachaint. Déanfar an fhaisnéis a gheofar a bhailiú, a anailísiú, a chros-seiceáil leis an mBallstát, agus déanfar measúnú criticiúil uirthi i gcomhréir leis an modheolaíocht.

# 3 Próiseas faireacháin

Tá an mhodheolaíocht choiteann faireacháin bunaithe ar phróiseas foriomlán aonair is infheidhme maidir le gach cineál cleachtaidh faireacháin mar a chuirtear i láthair anseo.

## 3.1 Cineálacha faireacháin


Tá trí chineál cleachtaí faireacháin i sásra faireacháin EUAA ar bhonn a raoin feidhme:

- **Faireachán tíre** lena gcumhdaítear cur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil gach gné de CET i mBallstát sonrach (Airteagal 14 agus Airteagal 15(1)(a));
- **Faireachán téamach** lena gcumhdaítear gnéithe téamacha nó sonracha de CET maidir leis na Ballstáit uile (aithris 22, Airteagal 15(1)(b));
- **Faireachán *ad hoc***, i gcás ina bhfuil an anailís faisnéise ar staid an tearmainn dá dtagraítear in Airteagal 5 ina cúis mhór imní maidir le feidhmiú chóras tearmainn nó glactha Ballstáit. Sa chás sin, tionscnóidh an Ghníomhaireacht cleachtadh faireacháin ar a tionscnamh féin i gcomhairle leis an gCoimisiún nó arna iarraidh sin don Choimisiún (Airteagal 15(2)).

## 3.2 Céimeanna faireacháin

Chun pleanáil agus eagrú éifeachtach a chumasú, tá gach cleachtadh monatóireachta roinnte ina chúig phríomhchéim, atá leagtha amach thíos. I gcás cleachtaí faireacháin téamacha agus *ad hoc*, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le coigeartuithe i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

**Fíor 1. Céimeanna faireacháin**




*Foinse:* EUAA

**Céim an tionscnaimh:** Déantar na hullmhúcháin uile is gá chun eagrú tráthúil an chleachtaidh faireacháin a áirithiú, lena n-áirítear bailiú faisnéise agus eagrú na cuairte ar an láthair. Bailítear faisnéis i gcomhréir leis an gcreat chun faisnéis a bhailiú (féach <u>Caibidil 5 Creat um bailiú agus anailísiú faisnéise</u>). Cuirtear an Ballstát ar an eolas faoi raon feidhme an chleachtaidh faireacháin agus faigheann sé an iarraidh oifigiúil faisnéis a chur isteach trí **Cheistneoir Faireacháin an Bhallstáit** (féach <u>6.1 An ceistneoir Ballstáit</u>) agus na cásanna a ullmhú le haghaidh anailís samplála cásanna (féach <u>6.2 Sampláil cásanna</u>). Chun comhlánú an cheistneora a éascú a thuilleadh, cuirfidh EUAA i gceangal le gach ceist, a mhéid is féidir, aon fhaisnéis ábhartha a bhailigh EUAA cheana féin, agus lánurraim á tabhairt don

chreat maidir le bailiú faisnéise, mar aon leis na foinsí. Cuirfidh sé sin ar chumas an Bhallstáit tagairt a dhéanamh don fhaisnéis atá ar fáil agus é ag freagairt ceiste, trí bhailíocht na faisnéise a chomhlánú, a cheartú nó a nuashonrú nó a dheimhniú. Bailítear faisnéis ábhartha ó na páirtithe leasmhara go léir.

Déantar ullmhúcháin chun an fhoireann saineolaithe a chur le chéile (féach 8.1 Rialacha agus prionsabail maidir le foirne saineolaithe a bhunú).

**Comhdhlúthú faisnéise agus anailíse:** déantar an fhaisnéis uile a fhaightear a chomhdhlúthú agus a anailísiú i bhfianaise eagrú na cuairte ar an láthair (féach Caibidil 5 Creat um bailiú agus anailísiú faisnéise). Téitear i gcomhairle leis an mBallstát maidir leis an dréachtchlár oibre don chuairt ar an láthair. Eagrófar cruinniú ullmhúcháin chun tuilleadh malartaithe a dhéanamh maidir le praiticiúlachtaí i ndáil leis an gcuairt ar an láthair.

**Cuairt ar an láthair:** Féadfaidh an Ghníomhaireacht cuairteanna ar an láthair a thabhairt chun críocha an chleachtaidh faireacháin. Ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht cuairteanna ar gearrfhógra ach amháin chun críocha Airteagal 15(2). Le linn na cuairte ar an láthair, déanann an fhoireann saineolaithe measúnú ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET sa Bhallstát lena mbaineann ar bhonn bailiú córasach agus anailís chríochnúil na faisnéise ábhartha (féach 8.2 Socruithe praiticiúla don chuairt ar an láthair). D'fhéadfadh meánfhad cuairte ar an láthair a bheith idir lá oibre amháin agus deich lá oibre, ag brath ar raon feidhme an chleachtaidh faireacháin. Comhoibreoidh an Ballstát leis an nGníomhaireacht agus tacóidh sé leis an bhfoireann saineolaithe ina sainordú chun measúnú a dhéanamh ar na próisis agus ar na gníomhaíochtaí sna réimsí a bhfuil faireachán le déanamh orthu, i gcomhréir le rialachán EUAA.

**Torthaí a thabhairt chun críche:** Seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin torthaí cleachtaidh faireacháin chuig an mBallstát le haghaidh barúlacha, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, léiriú ar a riachtanais (féach 7.2 Torthaí).

**Dréachtú moltaí agus obair leantach** (agus é gníomhachtaithe): Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ar bhonn na dtorthaí agus barúlacha an Bhallstáit lena mbaineann á gcur san áireamh aige, agus i gcomhairle leis an gCoimisiún, dréachtmholtaí a tharraingt suas. Seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na dréachtmholtaí chuig an mBallstát lena mbaineann le haghaidh barúlacha (féach 7.3 Moltaí).

**Fíor 2. Céimeanna agus amlíne an chleachtaidh faireacháin**

| | 1. Céim thionscnaimh | 2. Comhdhlúthú faisnéise agus réamh-mheasúnú | 3. Cuairt ar an láthair – measúnú | 4. Tabhairt chun críche torthaí | 5. Dréachtú moltaí agus obair leantach |
|---|---|---|---|---|---|
| **Uainiú** | Mí 0 – 3 | Mí 3 – 5.5 | Mí 5.5 – 6 | Mí 6 – 7.5 | Mí 7.5 – 9 |
| **Tuairisc** | Déantar na céimeanna ullmhúcháin uile is gá chun eagrú tráthúil an chleachtaidh faireacháin a áirithiú chomh maith leis an mbailiú faisnéise ó na páirtithe leasmhara uile.<br><br>Seoltar an iarraidh oifigiúil amach chuig an mBallstát. | Comhdhlúthaítear an fhaisnéis. Déantar bearnaí a shainaithnítear agus anailís chun faisnéis struchtúrtha a sholáthar do na foirne saineolaithe.<br><br>Tionóltar cruinniú ullmhúcháin leis an mBallstát. | Déanann an fhoireann saineolaithe, i gcás inarb infheidhme, an chuairt ar an láthair agus déanann siad an measúnú ábhartha. | Seolann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin torthaí an chleachtaidh faireacháin chuig an mBallstát lena mbaineann le haghaidh barúlacha. Tá an tuarascáil tugtha chun críche ag an gcéim seo. | Déantar na moltaí a dhréachtú agus a thabhairt chun críche i gcomhréir le hAirteagal 15. |

*Foinse:* EUAA

## 3.3 Gníomhaithe, róil agus freagrachtaí

Sainítear i Rialachán EUAA róil agus freagrachtaí na ngeallsealbhóirí uile maidir leis an sásra faireacháin.

### EUAA

Leagtar amach i bhforálacha dlíthiúla éagsúla freagrachtaí **Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUAA**. Go háirithe, cuireann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na foirne saineolaithe ar bun chun faireachán a dhéanamh, tionscnaíonn sé/sí cleachtadh faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 15(2), agus cuireann sé/sí na torthaí agus na dréachtmholtaí faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann agus ina dhiaidh sin faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta (Airteagal 47(5)(p) go (r). Tabharfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin fógra luath go leor roimh aon chuairt den sórt sin do na Ballstáit lena mbaineann. I gcás cuairteanna ar gearrfhógra, tabharfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin fógra 72 uair an chloig roimh ré don Bhallstát lena mbaineann (Airteagal 14(7)).

Déanann an Ghníomhaireacht maoirseacht ar an bpróiseas faireacháin agus ar ghníomhaíochtaí ina dhiaidh sin. Laistigh den Ghníomhaireacht, ainmnítear aonad tiomnaithe (**an tAonad Faireacháin)** chun cúraimí ábhartha a dhéanamh.

Déanfar **Oifigigh Idirchaidrimh** EUAA a imscaradh sna Ballstáit. Sonraítear i Rialachán EUAA go gcuirfidh na **hOifigigh Idirchaidrimh** tuarascálacha ar fáil go rialta don Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir le staid an tearmainn sa Bhallstát lena mbaineann agus maidir lena chumas a chórais tearmainn agus ghlactha a bhainistiú go héifeachtach. I gcás ina n-ardaíonn tuarascálacha an Oifigigh Idirchaidrimh chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ábhair imní maidir le ceann amháin nó níos mó de na gnéithe is ábhartha don Bhallstát lena mbaineann, cuirfear na tuarascálacha sin san áireamh chun críocha an tsásra faireacháin agus tarchuirfear iad chuig an mBallstát lena mbaineann (Airteagal 7(4)).

Déanfaidh **Bord Bainistíochta EUAA**, ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus i gcomhairle leis an gCoimisiún, modheolaíocht choiteann a bhunú le haghaidh an tsásra faireacháin (Airteagal 14(1)), an chláir (Airteagal 15(1)) agus, tar éis cleachtadh faireacháin, na moltaí (Airteagal 15(4)).

### An Coimisiún Eorpach

Oibríonn an **Coimisiún** i ndlúthchomhar le EUAA chun an sásra faireacháin a bhunú (Airteagal 14(1)). Bíonn an Coimisiún rannpháirteach, *inter alia*, san fhoireann saineolaithe (Airteagal 47(5)(p) agus téann an Ghníomhaireacht i gcomhairle leis maidir leis an modheolaíocht, leis an gclár agus le linn dó dréachtmholtaí a tharraingt suas. "I gcás ina bhfuil an anailís faisnéise ar staid an tearmainn dá dtagraítear in Airteagal 5 ina cúis mhór imní maidir le feidhmiú chóras tearmainn nó glactha Ballstáit, tionscnóidh an Ghníomhaireacht cleachtadh faireacháin ar a tionscnamh féin i gcomhairle leis an gCoimisiún nó arna iarraidh sin don Choimisiún." (Airteagal 15(2)) I gcás nach ndéanann Ballstát na bearta a leagtar amach i moltaí na Gníomhaireachta a chur chun feidhme, beidh an Coimisiún freagrach as bearta leantacha breise (Airteagal 15(5-7)).

**Ballstáit**

Tá an mhodheolaíocht faireacháin bunaithe ar chur chuige comhoibríoch idir EUAA agus Ballstáit an Aontais. Déanfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don Ghníomhaireacht, faisnéis a sholáthar di faoi na gnéithe de CET a chumhdaítear leis an sásra faireacháin agus faoina bpleanáil theagmhasach le haghaidh bearta a dhéanfar chun déileáil leis an mbrú díréireach a d'fhéadfadh a bheith ar a gcóras tearmainn nó glactha (Airteagal 14(6)).

Foráiltear sa Rialachán go nglacfaidh saineolaithe ó na Ballstáit páirt sna foirne saineolaithe, i gcás inar gá (Airteagal 47(5)(p).

Comhoibreoidh na Ballstáit leis an nGníomhaireacht, lena n-áirítear trí aon chuairt ar an láthair a dhéanfar chun críocha an chleachtaidh faireacháin a éascú. Cuirfidh na Ballstáit barúlacha isteach maidir leis na torthaí agus na moltaí.

Tar éis ghlacadh na modheolaíochta, bunófar **Líonra Faireacháin (MoNet)** a bheidh comhdhéanta de Chomhordaitheoirí Náisiúnta Faireacháin (féach 13 Ról an Líonra Faireacháin).

Feidhmíonn an **Comhordaitheoir Náisiúnta Faireacháin** (dá ngairtear "an Comhordaitheoir Náisiúnta" anseo feasta) mar chomhordaitheoir an Bhallstáit agus mar phríomhphointe teagmhála don chleachtadh faireacháin maidir le bailiú faisnéise, cumarsáid le húdaráis náisiúnta agus le comhpháirtithe cur chun feidhme agus obair leantach ar na torthaí agus ar na moltaí. Oibríonn an Comhordaitheoir Náisiúnta i gcomhar le EUAA agus an chuairt ar an láthair á hullmhú, déanann sé idirchaidreamh leis na húdaráis agus/nó leis na heagraíochtaí ábhartha, más gá, chun baill foirne ábhartha a shainaithint, agus chun rochtain ar áitribh agus ar shuíomhanna eile a áirithiú mar a léirítear i gclár oibre na cuairte agus éascaíonn sé na socruithe praiticiúla uile (féach 8.2 Socruithe praiticiúla i gcomhair cuairteanna ar an láthair), féadfaidh an Comhordaitheoir Náisiúnta dul i dteannta na foirne saineolaithe. Glacann an Comhordaitheoir Náisiúnta páirt sna cruinnithe leis na húdaráis náisiúnta. Féadfaidh an Ballstát Comhordaitheoir Náisiúnta malartach a cheapadh.

**UNHCR**

Tá Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) mar chuid den fhoireann faireacháin mar bhreathnóir (aithris 24). Luaitear UNHCR go sainráite freisin mar fhoinse faisnéise i gcomhthéacs an bhailithe faisnéise chun críocha an tsásra faireacháin (Airteagal 14(4)).

## 4 Critéir oibiachtúla

Déanann EUAA an faireachán de réir critéir oibiachtúla lena léirítear na **torthaí a bhfuiltear ag súil leo** ó chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil gach gné de CET, i bhfianaise chuspóirí foriomlána shásra faireacháin EUAA.

Tá na critéir oibiachtúla struchtúrtha i gcomhréir le forálacha éagsúla CET agus comhlánaítear iad le sraith critéar a bhaineann le pleanáil theagmhasach agus ullmhacht. Áirítear orthu sin critéir uileghabhálacha a thagraíonn do réimsí uile CET (an córas glactha, an nós imeachta tearmainn agus nós imeachta Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear, agus lánurraim á tabhairt do neamhspleáchas breithiúnach, nósanna imeachta achomhairc) agus pleanáil theagmhasach agus ullmhacht, chomh maith le trí shraith de chritéir shonracha fearainn.

Déantar critéir oibiachtúla a fhoirmliú ar an **macraileibhéal**, go háirithe chun sainiúlachtaí na gcóras náisiúnta agus an chomhthéacs náisiúnta a chur san áireamh, agus chun forléargas a thabhairt do na Ballstáit ar cé na **próisis oibríochtúla** a ndéanfar faireachán orthu. Ní mór na critéir oibiachtúla a léamh in éineacht le forálacha dlíthiúla CET, agus i gcás éiginnteachta, bíonn leitheadúlacht i gcónaí ag téacs dlíthiúil CET, agus an léirmhíniú air ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Déanfar measúnú ar na critéir oibiachtúla uile i bhfianaise na hurraime do **chearta bunúsacha**, lena n-áirítear neamh-idirdhealú, urraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh agus cosaint an linbh agus tús áite á thabhairt do leas an linbh.

I gcás athruithe dlíthiúla ar CET, d’fhéadfadh sé gur ghá do Bhord Bainistíochta EUAA athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir oibiachtúla.

Déantar na critéir oibiachtúla a ghrúpáil faoi na réimsí téamacha faoi seach agus a chódú dá réir sin.

### 4.1 Critéir oibiachtúla uileghabhálacha

Is **critéir uileghabhálacha** iad an chéad dá shraith de chritéir oibiachtúla: tagraíonn siad do gach réimse den CET agus cuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach trasnach ar fud na bpróiseas go léir.

#### Creat institiúideach

| | |
|---|---|
| OVR1. | Tá córais fheidhmiúla tearmainn agus ghlactha bunaithe ag na Ballstáit, lena n-áirítear **struchtúir agus próisis riaracháin** atá tiomnaithe chun a áirithiú go gcomhlíonfar agus go gcoinneofar na critéir oibiachtúla ar bhealach comhsheasmhach iontaofa, lena n-áirítear treoir ábhartha, sásraí maoirseachta agus sásraí éifeachtacha dearbhaithe cáilíochta. |
| OVR2. | **Eagraítear na próisis tearmainn agus ghlactha go héifeachtúil** trí dheireadh a chur le hiarrachtaí iomarcacha nó aon dúbláil díchill, trí úsáid an tsaineolais agus na n-acmhainní atá ann cheana a bharrfheabhsú, trí scrogaill a íoslaghdú, le tacaíocht ó chóras feidhmiúil bainistithe cáis agus trí úsáid leordhóthanach a bhaint as uirlisí tacaíochta digití chun a áirithiú go mbeidh próisis freagrúil d’imthosca atá ag athrú agus gur féidir iad a mhéadú tráth a bhfuil insreabhadh méadaithe ann. |

OVR3. Le linn an nós imeachta tearmainn, lena n-áirítear ag céim an achomhairc, agus sa chóras glactha, cuirtear **acmhainneacht leormhaith agus leordhóthanach foirne** ar fáil chun cásanna a láimhseáil agus a bhainistiú go héifeachtúil agus chun dálaí glactha leordhóthanacha a sholáthar, mar aon le tuairisc shoiléir ar chúraimí agus ar fhreagrachtaí, bearta a thacaíonn le folláine na foirne, agus próisis éifeachtacha chun aon scrogaill nó ganntanais acmhainneachta a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath.

OVR4. Tá na **hinniúlachtaí is gá** a bhaineann lena ndualgais, lena gcúraimí agus lena bhfeidhmeanna ag foireann na n-údarás nó na gcomhlachtaí atá freagrach as gné amháin nó níos mó de CET a chur chun feidhme, lena n-áirítear tríd an oiliúint agus an fhorbairt ghairmiúil atá riachtanach agus leordhóthanach a sholáthar, a fhorbraítear, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn an churaclaim Eorpaigh tearmainn agus aird chuí á tabhairt ar chearta bunúsacha, ar riachtanais speisialta nós imeachta agus ghlactha agus ar leas an linbh.

OVR5. Eagraítear agus cuirtear chun feidhme córais tearmainn agus ghlactha agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal na **rúndachta** mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta, agus i gcomhréir leis na dlíthe ábhartha maidir le cosaint sonraí.

OVR6. Le linn an nós imeachta tearmainn agus na bpróiseas glactha, déantar iarratasóirí daoine ar leochaileach a staid a shainaithint go héifeachtach, déanann pearsanra cáilithe agus oilte measúnú ar a **riachtanais speisialta nós imeachta agus ghlactha** agus freagraíonn siad go leordhóthanach dóibh ar bhealach tráthúil chun a chur ar chumas iarratasóirí ar leochaileach a staid tairbhe iomlán a bhaint as a gcearta agus a n-oibleagáidí faoi CET a chomhlíonadh.

OVR7. Roimh an agallamh pearsanta agus, i gcás inarb infheidhme, sanntar ionadaí cuí-oilte do **leanaí neamhthionlactha** chun ionadaíocht a dhéanamh orthu agus chun cúnamh a thabhairt dóibh le linn an nós imeachta tearmainn agus sa chóras glactha i gcomhréir lena leas. Is iad baill foirne a bhfuil an t-eolas riachtanach acu ar riachtanais speisialta nós imeachta agus ghlactha leanaí a sholáthraíonn dálaí glactha agus a scrúdaíonn an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus a thugann tús áite do leas an linbh.

OVR8. I ngach céim ábhartha den nós imeachta tearmainn agus i gcomhthéacs an chórais ghlactha, faigheann an t-iarratasóir an **fhaisnéis** is gá maidir leis na nósanna imeachta agus a gcearta agus a n-oibleagáidí go tráthúil. Cuirtear an fhaisnéis ar fáil i scríbhinn agus, i gcás inar gá, ó bhéal, i dteanga a thuigeann an t-iarratasóir nó a cheaptar le réasún go dtuigfidh an t-iarratasóir í, agus cuirtear in oiriúint í do riachtanais speisialta nós imeachta agus ghlactha an iarratasóra.

OVR9. An rochtain atá ag iarratasóirí ar **leigheas éifeachtach** i gcoinne, *inter alia*, cinneadh maidir le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta, lena n-áirítear an cinneadh cosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar nó diúltú an scrúdú a athoscailt, cinneadh aistrithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath, cinneadh maidir leis an gceart glactha a dhiúltú, a laghdú nó deireadh a chur leis agus cinntí iarratasóirí a choinneáil, áirithítear í tríd an bhfaisnéis dhlíthiúil agus nós imeachta is gá a sholáthraítear don iarratasóir maidir leis an nós imeachta achomhairc, rochtain ar chúnamh dlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil, agus nósanna imeachta achomhairc tráthúla.

**Acmhainneacht agus ullmhacht chun cásanna brú dhíréirigh a bhainistiú**

| | |
|---|---|
| COP1. | Sonraítear cásanna éagsúla de bhrú díréireach i **bpleananna teagmhasacha**, lena gcumhdaítear na córais tearmainn agus ghlactha. I gcás gach cáis éagsúil, sainaithnítear leo na truicir luathfholáirimh, soláthar straitéise freagartha agus bosca uirlisí beart atá le déanamh, na gníomhaithe freagracha comhfhreagracha agus na hamchláir chomhfhreagracha, go háirithe bearta lena gcumasaítear measúnú tapa ar riachtanais, agus imscaradh tapa foirne agus acmhainní leordhóthanacha. |
| COP2. | Tá **sásra maoirseachta** i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil, réigiúnach nó lárnach an stáit, chun gur féidir luathrabhadh agus gníomhachtú tráthúil a dhéanamh ar bhearta ábhartha an phlean teagmhais, le róil agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir maidir le sonraí a bhailiú agus a mheasúnú agus torthaí a scaipeadh ar pháirtithe leasmhara ábhartha. |
| COP3. | Tá pleananna teagmhasacha ar eolas ag na gníomhaithe freagracha uile sa slabhra bainistithe imirce agus tacaíonn siad leo, áirítear leo **sásra um chinnteoireacht agus um chomhordú soiléir** i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha inmheánacha agus seachtracha uile, agus déantar meastóireacht orthu go tráthrialta agus coinnítear cothrom le dáta iad. |
| COP4. | Tá **sásraí um an acmhainneacht ghlactha a mhéadú** i bhfeidhm, lena n-áirítear nósanna imeachta oibríochtúla chun acmhainneacht ghlactha bhreise a bhunú, chun freastal go tapa ar iarratasóirí faoi dhálaí glactha leordhóthanacha. |
| COP5. | Cuirtear cosaintí i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéantar **riachtanais speisialta nós imeachta agus ghlactha** a shainaithint, a mheasúnú agus go dtugtar freagra orthu i gcásanna brú dhíréirigh. |

## 4.2 Critéir oibiachtúil réimse-shonrach

Tagraíonn **critéir shonracha** do réimsí ar leith de CET:

### An nós imeachta tearmainn

| | |
|---|---|
| ASY1. | Tá rochtain éifeachtach agus thráthúil ag daoine ar mian leo iarratas a dhéanamh ar thearmann **ar an nós imeachta tearmainn**, lena n-áirítear gach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú go tapa agus go hiomlán, le tacaíocht, de réir mar is iomchuí, ó sholáthar faisnéise, rochtain ar chomhairleoireacht, an léirmhíniú is gá agus eisiúint doiciméid lena ndeimhnítear stádas na n-iarratasóirí. |
| ASY2. | Déantar **céannacht na n-iarratasóirí** a fhíorú go héifeachtach nuair is féidir, lena n-áirítear a náisiúntacht nó a ndaoine gan stát, ag cur san áireamh na staideanna éagsúla i dtíortha tionscnaimh agus an easpa doiciméad aitheantais a d'fhéadfadh a bheith ann. |
| ASY3. | Tugtar an deis éifeachtach d'iarratasóirí bunús a thabhairt lena n-éileamh trí **agallamh pearsanta** i dteanga a thuigeann an t-iarratasóir agus a dhéantar agus prionsabal na rúndachta á urramú go hiomlán, trí theicnící agallaimh iomchuí agus a chuirtear i gcrích le tuarascáil agallaimh nó tras-scríbhinn iomlán, iontaofa agus fhíorasach. |
| ASY4. | Déantar **agallaimh le leanaí** ar bhealach atá oiriúnach do leanaí, agus tús áite á thabhairt do leas an linbh. |

| | |
|---|---|
| ASY5. | Tá rochtain ag cásoifigigh atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ar **fhaisnéis faoin tír thionscnaimh** atá ábhartha, iontaofa agus cothrom le dáta agus ar **chomhairle shaineolach**, lena n-áirítear maidir le ceisteanna síceolaíocha agus leighis agus maidir le ceisteanna a bhaineann le ráthaíochtaí nós imeachta speisialta. |
| ASY6. | Cuirtear an scrúdú i gcrích le **cinneadh dea-réasúnaithe**, nó i gcás cinneadh dearfach, le tuairim dhea-réasúnaithe, bunaithe ar mheasúnú fianaise leordhóthanach agus ar mheasúnú riosca ar na fíorais ábhartha uile a nglactar leo agus ar mheasúnú dlíthiúil fónta, agus imthosca aonair an iarratasóra, an staid sa tír thionscnaimh, nó sa tríú tír shábháilte, tráth na cinnteoireachta agus anailís choiteann agus nótaí treorach ábhartha EUAA á gcur san áireamh. |
| ASY7. | I gcás inarb ábhartha, déantar iniúchadh agus measúnú leordhóthanach ar **bhreithnithe eisiaimh** le tacaíocht ó chomhar éifeachtach le húdaráis forfheidhmithe dlí agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht an nós imeachta tearmainn. |
| ASY8. | Cuirtear an scrúdú i gcrích go tráthúil trí chinneadh a dtugtar fógra cuí ina leith. |
| ASY9. | Déantar **nósanna imeachta inghlacthachta, nósanna imeachta luathaithe agus/nó nósanna imeachta teorann**, i gcás inarb infheidhme, a chur chun feidhme go héifeachtúil laistigh de na tréimhsí ama atá beartaithe, agus lánurraim á tabhairt do na ráthaíochtaí nós imeachta, lena n-áirítear trí shuíomhanna agus saoráidí iomchuí a sholáthar. |
| ASY10. | I gcás ina léirítear cúiseanna le **hathbhreithniú a dhéanamh ar bhailíocht stádais cosanta idirnáisiúnta**, déantar iad sin a shainaithint agus a mheasúnú go héifeachtach agus ráthaíochtaí nós imeachta na dtairbhithe á n-urramú. |

## Dálaí glactha

| | |
|---|---|
| REC1. | Tá rochtain ag iarratasóirí, i gcomhchineál nó mar liúntais airgeadais, mar dhearbháin nó mar mheascán den triúr, **ar thithíocht, ar bhia agus ar éadaí agus ar earraí riachtanacha eile nach bia iad** atá leormhaith agus leordhóthanach, agus a riachtanais speisialta – lena n-áirítear riachtanais leanaí – á gcur san áireamh go cuí. |
| REC2. | **Leithdháiltear áiteanna in ionaid ghlactha** ar iarratasóirí gan mhoill neamhriachtanach, agus imthosca aonair an iarratasóra, urraim do phrionsabal aontacht an aonaid teaghlaigh, agus leas an linbh á gcur san áireamh. |
| REC3. | Cuirtear ar fáil i saoráidí glactha **caighdeán leordhóthanach maireachtála** d'iarratasóirí agus a riachtanais speisialta ghlactha á gcur san áireamh i gcás inarb ábhartha, lena n-áirítear spás leordhóthanach, láthair shúgartha do leanaí agus sláintíocht, maille le hurraim don saol príobháideach, do shaol an teaghlaigh agus don tsaoirse gluaiseachta. |
| REC4. | Éascaíonn na húdaráis inniúla rochtain na n-iarratasóirí ar **chearta agus seirbhísí fíor-riachtanacha**, lena n-áirítear oideachas, rochtain ar mhargadh an tsaothair (má tá siad i dteideal), agus cúram sláinte riachtanach. |
| REC5. | Bainistítear **saoráidí glactha go héifeachtach** trí rialacha tí, cód iompair don fhoireann agus sásra gearán feidhmiúil a sholáthar, i measc nithe eile. |
| REC6. | Coinníonn na húdaráis ghlactha **maoirseacht** ar bun ó thaobh na ndálaí glactha a chuirtear ar fáil agus áirithíonn siad go ndéanfar bearta leantacha éifeachtacha nuair is gá. |

REC7. Cuirtear **acmhainneacht leordhóthanach**, bonneagar, trealamh agus acmhainní airgeadais ar fáil chun a áirithiú go gcuirfear an leibhéal riachtanach ó thaobh dálaí glactha de ar fáil do gach iarratasóir.

REC8. Cuireadh **bearta slándála leordhóthanacha** i bhfeidhm d'iarratasóirí agus d'oibreoirí i saoráidí glactha, lena n-áirítear bainistiú éifeachtach ar theagmhais chriticiúla, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná, ar leanaí agus ar dhaoine a bhféadfadh rioscaí slándála a bheith ann dóibh mar gheall ar a gcúlra nó a bpróifíl ar leith.

REC9. Tá rochtain ag iarratasóirí ar **chomhairleoireacht dhlíthiúil** agus, i gcás inar gá, ar **chomhairleoireacht sláinte shíceasóisialta**.

REC10. Aon **ísliú ar dhálaí ábharacha glactha** faoi bhun chaighdeáin na Treorach maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú), déantar é ar bhonn eisceachtúil, bíonn údar cuí leis, déantar é a dhoiciméadú agus a cuirtear chun feidhme é ar feadh tréimhse chomh gearr agus is féidir agus cumhdaítear na bunriachtanais leis in aon chás.

REC11. Is eisceachtúil iad cinntí maidir le dálaí ábharacha glactha a laghdú nó a tharraingt siar, bíonn údar cuí leo, bíonn siad comhréireach leis hoibleagáidí a leagtar síos, agus glactar cinntí mar sin agus lánurraim á tabhairt do choimircí nós imeachta.

REC12. Úsáidtear **an choinneáil** nuair is gá mar bheart rogha deiridh, agus baintear feidhm as roghanna malartacha uirthi sin i gcás inarb iomchuí. Bíonn cinntí maidir le coinneáil bunaithe ar mheasúnú aonair, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú) amháin, leis na coimircí nós imeachta, agus le riachtanais speisialta daoine ar leochaileach a staid, go háirithe leanaí, á gcur san áireamh. Urramaítear dálaí coinneála go hiomlán agus daoine faoi choinneáil.

### Cinneadh maidir leis an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta

DUB1. **Déantar cásanna a d'fhéadfadh a bheith ina gcásanna Bhaile Átha Cliath a shainaithint go héifeachtach**, rud a thacaítear trí mhéarloirg a thógáil agus a tharchur go tráthúil chuig Eurodac, agus cosaint sonraí pearsanta á hurramú go hiomlán, agus trí Eurodac a thabhairt cothrom le dáta tar éis cosaint idirnáisiúnta a dheonú, trí aistriú, trí aistriú ón gcríoch agus tar éis cur i bhfeidhm an chlásail lánroghnaigh.

DUB2. Go bunúsach, tugann nósanna imeachta Bhaile Átha Cliath deis do na daoine lena mbaineann faisnéis ábhartha a chur i láthair, - faisnéis maidir le caidreamh teaghlaigh agus cleithiúnais, lena n-áirítear trí mheán **agallamh pearsanta**, ach amháin má tá feidhm ag ceann de na forais le neamhghníomh, a dhéantar i dteanga a thuigeann an duine nó a mheastar le réasún go dtuigfeadh an t-iarratasóir í agus ina bhfuil sé nó sí in ann cumarsáid a dhéanamh.

DUB3. Áirithítear **aontacht an aonaid teaghlaigh** le linn nós imeachta Bhaile Átha Cliath, agus go háirithe déantar bearta iomchuí chun baill teaghlaigh leanaí gan tionlacan i mBallstáit eile a shainaithint, agus é mar aidhm iad a athaontú i gcomhréir leis na coimircí nós imeachta agus le hurraim a thabhairt do leas an linbh.

DUB4. Déantar **measúnú iomlán** chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach, agus an fhaisnéis uile atá ar fáil agus an fhianaise a cuireadh isteach á gcur san áireamh agus imthosca pearsanta an iarratasóra agus an baol go bhféadfaí íde mhídhaonna nó tháireach a thabhairt sa Bhallstát atá freagrach á gcur san áireamh.

DUB5. Tá córas bainistithe cáis i bhfeidhm lenar féidir próiseáil éifeachtúil a dhéanamh ar iarrataí ar ghabháil ar láimh, iarrataí ar ghabháil ar ais agus iarrataí ar fhaisnéis, freagraí agus fógraí, lena n-áirítear **formhaoirseacht agus obair leantach éifeachtach** ar na teorainneacha ama is infheidhme le linn an phróisis scrúdúcháin.

DUB6. Cuirtear aistrithe chuig an mBallstát agus ón mBallstát chun feidhme go héifeachtach. Leithdháiltear líon leordhóthanach pearsanra atá oilte go hiomchuí chun aistrithe Bhaile Átha Cliath a ullmhú agus a eagrú chomh maith le **hacmhainneachtaí leordhóthanacha ag aerfoirt agus ag pointí trasnaithe teorann** chun cur chun feidhme éifeachtach aistrithe Bhaile Átha Cliath a áirithiú.

# 5 Creat um bailiú agus anailísiú faisnéise

Cumhdaíonn raon feidhme an bhailithe agus na hanailíse faisnéise chun críocha faireacháin gach gné de chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET mar a shonraítear sna critéir oibiachtúla (féach Caibidil 4 Critéir oibiachtúla) chun cur chuige iomlán, cothrom agus oibiachtúil a áirithiú[5].

## 5.1 Príomhghnéithe an bhailithe agus an anailísiú faisnéise

Is iad an bailiú agus an anailís faisnéise bunús gach cleachtaidh faireacháin.

Chun próiseas cuimsitheach iontaofa bailithe faisnéise a áirithiú, is gá **mapáil shoiléir chuimsitheach** ar na gníomhaithe agus na heagraíochtaí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta. Chuige sin, cuirfidh EUAA obair leanúnach san áireamh, e.g. ar bhonn Líonraí Téamacha EUAA, Oifigigh Idirchaidrimh (féach thuas), 3.3 Gníomhaithe, róil agus freagrachtaí Oifigeach um Chearta Bunúsacha EUAA, feasacht staide, gníomhaíochtaí oiliúna agus oibríochtúla, etc. Féadfaidh EUAA dul i gcomhairle leis na Ballstáit chun geallsealbhóirí ábhartha a shainaithint de réir mar is gá.

Thairis sin, déanfaidh EUAA teagmhálacha a fhorbairt agus a choinneáil ar bun le geallsealbhóirí ábhartha atá fíor-riachtanach chun an sásra faireacháin a chur chun feidhme go héifeachtúil, eadhon údaráis agus institiúidí náisiúnta, agus eagraíochtaí nó comhlachtaí idir-rialtasacha ábhartha atá sa réimse.

Ba cheart bailiú faisnéise chun críocha faireacháin a bheith **spriocdhírithe, sonrach, cothrom le dáta agus tráthúil** ar bhonn amlínte sonracha. Chuige sin, cuirfidh EUAA an Ballstát lena mbaineann, chomh maith le páirtithe leasmhara eile, ar an eolas roimh gach cleachtadh faireacháin maidir leis an bpróiseas bailithe faisnéise, an raon feidhme, na teimpléid agus na hamlínte a bhfuiltear ag súil leo.

Déanann EUAA an fhaisnéis go léir a bhailíonn na páirtithe leasmhara go léir a scrúdú, a chur i gcomparáid agus a fhíorú go cúramach. Le linn bhailiú an eolais **déantar an t-eolas go léir a mheasúnú agus a mheas** le haghaidh:

- a oibiachtúlachta;
- a ábharthachta;
- a chomhsheasmhachta, a chruinnis agus a bheachtais;
- a bhailíochta agus a cháilíochta trí chros-seiceáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus í a chomhthacú agus a chothromú le faisnéis ó fhoinsí eile;

chun cuimsitheacht aon anailíse agus torthaí ina dhiaidh sin a áirithiú.

Féadfar a áireamh ar an bhfaisnéis a bhailítear chun críoch faireacháin sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla, dlí-eolaíocht, chomh maith le sampla de chásanna aonair le haghaidh sampláil cásanna – gan dochar d'inniúlacht an Bhallstáit maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta aonair (féach, de réir analaí, (6.2 Sampláil cásanna)). Chun comhlánú an cheistneora a éascú a thuilleadh, cuirfidh EUAA i

[5] Féach freisin an tOmbudsman Eorpach, https://www.ombudsman.europa.eu/en/doc/correspondence/en/166550

gceangal le gach ceist, a mhéid is féidir, aon fhaisnéis ábhartha a bhailigh an Ghníomhaireacht cheana féin, agus lánurraim á tabhairt don chreat chun faisnéis a bhailiú, mar aon leis na foinsí. Cuirfidh sé sin ar chumas an Bhallstáit tagairt a dhéanamh don fhaisnéis atá ar fáil agus é ag freagairt ceiste, trí bhailíocht na faisnéise a chomhlánú, a cheartú nó a nuashonrú nó a dheimhniú.

Saineofar an cineál faisnéise atá le bailiú bunaithe ar na critéir oibiachtúla a ndéanfar faireachán dá réir, i gcomhar leis na caighdeáin agus na táscairí comhfhreagracha.

Féadfaidh EUAA **cruinnithe** a eagrú le geallsealbhóirí ábhartha le linn chéimeanna éagsúla an chleachtaidh faireacháin chun faisnéis bhreise a bhailiú, soiléirithe a lorg agus/nó na sonraí a bhailítear a fhíorú.

San anailís a dhéanfar ar shonraí a bhailítear chun críocha faireacháin, ba cheart **cur chuige oibiachtúil dian** a leanúint lena n-áiritheofar go gcuirfear gach príomhghné de CET san áireamh, lena n-áirítear cearta bunúsacha a urramú, coimircí cosanta leanaí agus tús áite á thabhairt do leasanna agus riachtanais shonracha daoine ar leochaileach a staid.

Déanfar measúnú criticiúil ar fhaisnéis a bhailítear ó pháirtithe leasmhara éagsúla i gcomhréir leis an modheolaíocht choiteann trí phróiseas scríofa, cruinnithe agus cuairteanna ar an láthair. Déanfar tagairt ann d'fhaisnéis as a dtiocfaidh torthaí agus cuirfear i gceangal leis an tuarascáil í de réir mar is gá. Beidh deis ag an mBallstát lena mbaineann barúil a thabhairt maidir leis na torthaí (féach 7.2 Torthaí).

## 5.2 Foinsí faisnéise chun críocha faireacháin

I gcomhréir le rialachán EUAA, déantar an faireachán ar bhonn na faisnéise a gcuireann an Ballstát lena mbaineann ar fáil í, na hanailíse faisnéise ar staid an tearmainn dá dtagraítear in Airteagal 5 agus na samplála cásanna. Ina theannta sin, féadfaidh EUAA faisnéis atá ar fáil ó eagraíochtaí nó comhlachtaí idir-rialtasacha ábhartha – go háirithe UNHCR – agus ó eagraíochtaí ábhartha eile a chur san áireamh ar bhonn a saineolais (Airteagal 14(4)), agus ó oifigigh idirchaidrimh EUAA sna Ballstáit (aithris 12, Airteagal 7(4)). Déantar cuairteanna ar an láthair (Airteagal 14(5)) chun an fhaisnéis a bhailítear a bhailíochtú agus chun sonraí breise a bhailiú de réir mar is gá (féach Uirlisí ar an láthair).

### Faisnéis curtha ar fáil ag an mBallstát

Déantar an faireachán go príomha ar bhonn na faisnéise a gcuireann an Ballstát lena mbaineann ar fáil í (Airteagal 14(4)).

Féadfar faisnéis a sholáthar i scríbhinn nó ó bhéal. Maidir le hionchur i scríbhinn, bunóidh EUAA, i gcomhairle leis an Líonra Faireacháin, **ceistneoir caighdeánach do na Ballstáit** chun faireachán a dhéanamh, lena gcumhdófar na critéir oibiachtúla agus lena gcomhlánófar an fhaisnéis atá ar fáil don Ghníomhaireacht cheana féin. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach 6.1 An ceistneoir Ballstáit. Féadfaidh EUAA faisnéis a bhailiú freisin trí chruinnithe a eagrú mar ullmhúchán nó le linn na cuairte ar an láthair.

I gcás ina mbeidh geallsealbhóirí eile rannpháirteach go gníomhach mar ghníomhaithe cur chun feidhme sa chóras tearmainn nó glactha, e.g. tarmligean cumhachtaí chuig gníomhaithe eile, imscaradh, nó foireann a thabhairt ar iasacht ag eagraíochtaí nó comhlachtaí idir-rialtasacha (e.g. UNHCR) agus/nó Gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, comhpháirtíochtaí le geallsealbhóirí eile, etc., féadfaidh EUAA faisnéis bhreise a lorg trí dhul i dteagmháil leis na comhpháirtithe cur chun feidhme sin trí chruinnithe, ar chomhordú leis an mBallstát de réir mar is gá.

### Faisnéis atá ar fáil do EUAA

Déanann EUAA faisnéis faoi staid an tearmainn san Aontas a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh go leanúnach, agus cuireann sé tacaíocht bhuan agus oibríochtúil ar fáil (e.g. malartú faisnéise, faisnéis agus anailís, oiliúint, cineálacha eile cúnaimh theicniúil, etc.). Bainfidh EUAA úsáid as faisnéis atá ar fáil cheana féin lena leagtar síos an bonn do na cleachtaí faireacháin, lena seachnófar dúbláil iarrataí agus lena mbainfear leas as próisis agus obair atá curtha i gcrích cheana.

Go háirithe, tugtar faoi deara i Rialachán EUAA go ndéantar an faireachán *inter alia* ar bhonn na **hanailíse faisnéise ar staid an tearmainn san Aontas dá dtagraítear in Airteagal 5**. Dá réir sin, cuirfidh anailís agus táirgí taighde EUAA le bailiú faisnéise chun críocha an tsásra faireacháin, lena laghdófaí an t-ualach ar na Ballstáit an fhaisnéis a cuireadh ar fáil cheana féin a chur ar fáil an athuair. Áirítear leis sin, *inter alia*, Faisnéis agus Anailís ar Fhorbairtí i dTearmann, go háirithe tríd an Tuarascáil Tearmainn, an Córas Faisnéise agus Doiciméadúcháin, an Bunachar Sonraí Cásdlí, trí Chlár na Mór sa Chosaint Idirnáisiúnta, tríd an gCóras Nuashonraithe Staide, etc., Anailís agus Taighde Sonraí agus trí tháirgí anailíseacha agus taighde, chomh maith le faisnéis a mhalartaítear faoin gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS), etc.

### Faisnéis chomhthéacsúil bhreise ó pháirtithe leasmhara ábhartha

Sonraítear sa Rialachán go bhféadfaidh EUAA faisnéis atá ar fáil ó gheallsealbhóirí ábhartha eile a chur san áireamh, lena n-áirítear:

***UNHCR***

Luaitear UNHCR go sainráite mar fhoinse faisnéise sa Rialachán.

***Eagraíochtaí nó comhlachtaí idir-rialtasacha***

Déantar foráil sa rialachán maidir le bailiú faisnéise ó eagraíochtaí idir-rialtasacha ábhartha (ENRanna)[6] agus béim á leagan ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh lena n-áirítear Gníomhaireachtaí. Bunóidh EUAA teagmhálacha rialta leis an gCoimisiún agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha um cheartas agus gnóthaí baile (amhail an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha) i gcomhthéacs faisnéis a chomhroinnt agus a mhalartú chun críocha faireacháin.

[6] Is éard is eagraíocht idir-rialtasach (IGO) inti eagraíocht atá comhdhéanta go príomha de stáit cheannasacha nó d'eagraíochtaí idir-rialtasacha eile. Bunaítear eagraíochtaí idir-rialtasacha le conradh nó le comhaontú eile a ghníomhaíonn mar chairt lena gcruthaítear an grúpa. Is samplaí de IGOnna iad na Náisiúin Aontaithe, Comhairle na hEorpa agus an tAontas Eorpach. Foinse: https://www.informea.org/en/terms/intergovernmental-organization.

Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil eagraíochtaí idirnáisiúnta i láthair i mBallstát ag cumhdach réimsí imirce agus tearmainn sna Ballstáit atá faoi athbhreithniú, féadfaidh EUAA féachaint le faisnéis bhreise a lorg. Féadfar faisnéis a bhailiú i scríbhinn nó trí chruinnithe a eagrú.

***Eagraíochtaí ábhartha eile ar bhonn a gcuid saineolais***

Tagann eagraíochtaí agus/nó comhlachtaí neamhspleácha náisiúnta chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta faoi raon feidhme *eagraíochtaí ábhartha eile ar bhonn a saineolais* a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí breise faisnéise. Dá réir sin, féadfaidh EUAA faisnéis bhreise a lorg ó eagraíochtaí nó comhlachtaí ábhartha chun críocha cleachtadh sonrach faireacháin agus an próiseas ábhartha a chomhordú.

I gcás ina mbeidh gá le haiseolas i scríbhinn, cuirfear le chéile foirm ábhartha le haghaidh Aiseolais maidir le Faireachán ar Gheallsealbhóirí i gcomhréir leis na critéir oibiachtúla ag brath ar raon feidhme an chleachtaidh faireacháin.

**Eagraíochtaí agus/nó comhlachtaí neamhspleácha náisiúnta**

Is *eagraíochtaí ábhartha* freisin iad eagraíochtaí agus/nó comhlachtaí neamhspleácha náisiúnta a bhfuil inniúlacht acu maidir le himirce agus tearmann amhail Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine[7] agus Ombudóirí a bhféadfaidh EUAA dul i gcomhairle leo *ar bhonn a saineolais* toisc go bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le cur chun feidhme éifeachtach caighdeán idirnáisiúnta um chearta an duine a chur chun cinn agus faireachán a dhéanamh orthu ar an leibhéal náisiúnta.

**Eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna)**

San Aontas Eorpach, tá ról tábhachtach ag an tsochaí shibhialta maidir leis na comhluachanna de chuid an Aontais agus ag na mBallstát a shonraítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) a chur i ngníomh. In Airteagal 11(2) CAE agus in Airteagal 15(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), meastar gur uirlisí don dea-rialachas iad an t-idirphlé sibhialta agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta[8].

Ina theannta sin, aithnítear ról na sochaí sibhialta maidir le faisnéis a mhalartú agus eolas a chomhthiomsú i rialachán EUAA (aithris 40, Airteagal 50). Dá réir sin, is eagraíochtaí ábhartha iad *eagraíochtaí na sochaí sibhialta i réimse na himirce agus an tearmainn ar bhonn a saineolais*, a d'fhéadfadh faisnéis luachmhar a chur ar fáil. Dá bhrí sin, féadfaidh EUAA faisnéis bhreise a lorg ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta a oibríonn i réimse na cosanta idirnáisiúnta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta.

---

[7] I bPrionsabail Pháras de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaineann le stádas institiúidí náisiúnta chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, leagtar amach íoschaighdeáin idirnáisiúnta maidir le NHRInna a bhunú. Féach tuilleadh FRA, Strong and effective national human rights institutions – challenges, promising practices and opportunities [Institiúidí náisiúnta láidre éifeachtacha um chearta an duine – dúshláin, cleachtais agus deiseanna a bhfuil gealladh fúthu], 21 Eanáir 2021; FRA, nuashonrú mhí an Mheithimh 2022 – stádas agus sainorduithe creidiúnaithe NHRI, 29 Meitheamh 2022

[8] Féach tuilleadh FRA, Protecting civic space in the EU – Key findings and FRA opinions[Spás na sochaí sibhialta san Aontas Eorpach a chosaint – Príomhthorthaí agus tuairimí ó FRA], an 19 Lúnasa 2022.

Chun ESSanna incháilithe a shainiú, leanfar de réir analaí na critéir atá ceangailte le Cinneadh Uimh. 111 ón mBord Bainistíochta an 23 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus comhdhéanamh an Fhóraim Chomhchomhairligh agus maidir leis na coinníollacha chun faisnéis a tharchur.

Ina theannta sin, chun próiseas trédhearcach a áirithiú tuilleadh, beidh na ESSanna a chuirfidh faisnéis ar fáil chun críocha faireacháin:

- ina gcomhaltaí d'Fhóram Comhchomhairleach EUAA, nó
- cláraithe i gClár Trédhearcachta an Aontais[9].

Is tríd an bhFóram Comhchomhairleach a sheolfar an glao ar ionchur ón bPríomh-Oifig Staidrimh. Féadfaidh an Fóram Comhchomhairleach faisnéis ábhartha eile chun críocha faireacháin a scaipeadh tuilleadh ar ESSanna breise ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta agus féadfaidh sé aird EUAA a dhíriú ar an eolas sin freisin. Déanfar anailís, cros-seiceáil agus measúnú criticiúil ar an bhfaisnéis a bhailítear ar an mbealach sin i gcomhréir leis an modheolaíocht.

[9] Is bunachar sonraí é an clár trédhearcachta ina liostaítear eagraíochtaí a dhéanann iarracht tionchar a imirt ar phróiseas reachtóireachta agus cur chun feidhme beartais institiúidí an Aontais. Léiríonn an clár na leasanna atá á saothrú, cé atá á saothrú agus na buiséid lena bhfuil siad á saothrú. Ar an gcaoi sin, ceadaíonn an clár grinnscrúdú poiblí, rud a thugann deis do shaoránaigh agus do ghrúpaí leasmhara eile gníomhaíochtaí brústocairí a rianú. Léigh tuilleadh anseo: https://commission.europa.eu/about-european-commission/service-standards-and-principles/transparency/transparency-register_en

# 6 Uirlisí chun críocha an tsásra faireacháin

Úsáidtear uirlisí monatóireachta chun comhsheasmhacht agus iontaofacht a choinneáil sa phróiseas monatóireachta. Is bealach iad na huirlisí sin chun na gníomhaíochtaí faireacháin a threorú agus chun a áirithiú go ndéantar iad ar bhealach caighdeánaithe thar chineálacha éagsúla cleachtaí faireacháin.

Ag brath ar chineál agus raon feidhme an chleachtaidh monatóireachta, féadfar na huirlisí sin go léir nó cuid díobh a úsáid. Déantar tagairt d'oiriúnuithe nó coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar eilimintí teicniúla i gcomhréir le raon feidhme gach cleachtaidh de réir mar is gá.

## 6.1 An ceistneoir Ballstáit

Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 14(6) de Rialachán EUAA, an fhaisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar na critéir oibiachtúla a chomhroinnt arna iarraidh sin do EUAA, agus an fhaisnéis atá ar fáil cheana don Ghníomhaireacht á comhlánú.

I gcomhréir leis na treoirphrionsabail, beidh faireachán EUAA cuimsitheach chun gach gné de CET a chumhdach, ach ag an am céanna díreofar é ar na heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar na réimsí feabhais sa Bhallstát. Chuige sin, tá gá le **cur chuige cothrom** idir leithead an mheasúnaithe agus an doimhneacht ina ndéantar iniúchadh breise ar thopaicí sonracha.

Is é is aidhm don Cheistneoir Ballstáit faisnéis leordhóthanach a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíontar na critéir oibiachtúla ar dá réir a dhéantar an faireachán. Féadtar ceisteanna maidir le cur síos a dhéanamh **ar chás bonnlíne, ar phróiseas, nó ar thoradh próisis** a áireamh sa cheistneoir. Ina theannta sin, féadfaidh EUAA a iarraidh ar an mBallstát **doiciméid** agus ábhair eile atá ábhartha don mheasúnú ar na critéir oibiachtúla a chomhroinnt.

### Nós imeachta chun faisnéis a bhailiú tríd an gCeistneoir Ballstáit

Féadfar an Ceistneoir Ballstáit a úsáid i ngach cineál cleachtaidh faireacháin. Le haghaidh cleachtaí faireacháin tíre agus téamacha, bunaíonn EUAA **Ceistneoir Ballstáit caighdeánaithe** i gcomhairle leis an Líonra Faireacháin. Sna cleachtaí faireacháin *ad hoc*, féadfaidh EUAA ceistneoir spriocdhírithe a fhorbairt ag brath ar raon feidhme an fhaireacháin.

Chun **aon dúbláil dícheall ar thaobh an Bhallstáit a sheachaint**, bainfidh EUAA úsáid a mhéid is féidir as faisnéis atá ann cheana ó fhoinsí dá dtagraítear faoi Chaibidil 5 Creat um bailiú agus anailísiú faisnéise.

Seolfar an Ceistneoir Ballstáit chuig na **Comhordaitheoirí Náisiúnta Faireacháin**, agus cuirfear i gcóip na **Comhaltaí de Bhord Bainistíochta EUAA** agus a gcomhaltaí malartacha faoi seach. Beidh an Comhordaitheoir Faireacháin Náisiúnta freagrach as an gceistneoir a scaipeadh ar na páirtithe leasmhara náisiúnta ábhartha, as na freagraí a thiomsú agus as na freagraí a chur faoi bhráid EUAA go tráthúil.
Maidir leis na cleachtaí faireacháin tíre agus na cleachtaí faireacháin théamaigh, cuirfear an Ballstát **ar an eolas dhá mhí roimh ré ar a laghad**, nuair a sheolfar an ceistneoir chucu, ionas go mbeidh siad in ann na geallsealbhóirí ábhartha a chur ar an eolas, na hacmhainní is gá a phleanáil agus a ullmhú. Ón

uair a sheolfar iad, tabharfar **trí mhí ar a laghad** don Bhallstát le haghaidh cleachtaí faireacháin tíre, agus **dhá mhí ar a laghad** le haghaidh cleachtaí faireacháin théamaigh, chun an ceistneoir **a líonadh amach**.

I gcomhthéacs cleachtadh faireacháin *ad hoc*, ní fhéadfar aon réamhfhógra a thabhairt agus d'fhéadfadh feidhm a bheith ag tréimhsí ama ní ba ghiorra a bheadh réasúnta fada go leor chun go mbeadh an Ballstát in ann na freagraí a sholáthar.

Bunaithe ar na freagraí tosaigh agus ar an anailís samplála cásanna, féadfar tuilleadh soiléirithe ar cheisteanna sonracha a iarraidh. Féadfar na **ceisteanna breise** sin a phlé leis an gComhordaitheoir Náisiúnta Faireacháin agus/nó a chur faoi bhráid an Bhallstáit i scríbhinn, agus sa chás sin cuirfear tréimhse réasúnta ar fáil chun na ceisteanna breise a chomhlánú.

Iarrtar ar na Ballstáit a bhfreagraí agus aon doiciméid tacaíochta a chur isteach, a mhéid is féidir, i mBéarla, arb é teanga oibre EUAA é. Nuair nach féidir leis an mBallstát na doiciméid tacaíochta a sholáthar i mBéarla, tabharfaidh EUAA faoina n-aistriú.

**Struchtúr**

Chun an próiseas bailithe freagraí ar an leibhéal náisiúnta a éascú, roinnfear an ceistneoir le haghaidh na gcleachtaí faireacháin tíre ina shé réimse:

1. Rochtain ar an nós imeachta (iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh, a chlárú agus a thaisceadh);
2. An Ballstát atá freagrach a chinneadh;
3. Nós imeachta ag an gcéadchéim;
4. Glacadh;
5. Nósanna imeachta achomhairc (dara céim);
6. Pleanáil Theagmhasach.

Chun comhlánú an cheistneora a éascú a thuilleadh, cuirfidh EUAA i gceangal le gach ceist, a mhéid is féidir, **aon fhaisnéis ábhartha a bhailigh EUAA cheana féin** mar a leagtar amach thuas (féach 5.2 Foinsí faisnéise chun críocha faireacháin), agus lánurraim á tabhairt don chreat bailithe faisnéise, mar aon leis na foinsí. Cuirfidh sé sin ar chumas an Bhallstáit tagairt a dhéanamh don fhaisnéis atá ar fáil agus é ag freagairt ceiste, trí bhailíocht na faisnéise a chomhlánú, a cheartú nó a nuashonrú nó a dheimhniú.

## 6.2 Sampláil cásanna

Tá sampláil cásanna ar cheann de na cineálacha faisnéise a bhféadfadh faireachán EUAA a bheith bunaithe orthu (Airteagal 14(4) de Rialachán EUAA) mar thaca le cleachtadh faireacháin tíre, téamach nó *ad hoc*.

Is é is cuspóir don anailís samplála cásanna léargas faireacháin a thabhairt do EUAA ar an gcaoi a bhfuil próisis á gcur chun feidhme i gcásanna nithiúla le haghaidh cineál sonrach nós imeachta cinnteoireachta riaracháin. Tríd an anailís samplála cásanna, sainaithneoidh EUAA aon phointí ar gá

soiléiriú breise a thabhairt orthu i scríbhinn nó le linn na cuairte ar an láthair. Is é an aidhm atá ann athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le treoir bhreise a thabhairt don chleachtadh faireacháin, seachas sampla a bhunú atá ionadaíoch don daonra iomlán nó an sampla a úsáid chun teacht ar chonclúidí ginearálta.

I gcomhréir le haithris (21) de Rialachán EUAA: "Tá an tsampláil cásanna gan dochar d'inniúlacht na mBallstát maidir le cinneadh a dhéanamh ar iarratais aonair ar chosaint idirnáisiúnta, agus tá sí le déanamh ar bhealach lena dtugtar lánurraim do phrionsabal na rúndachta." Ní dhéanfaidh EUAA athmheasúnú ar fhíorais aonair an cháis.

Díreoidh an anailís samplála cásanna ar na ceisteanna seo a leanas:

- An ndearnadh measúnú ar chritéir dhlíthiúla ábhartha uile na dTreoracha agus na Rialachán faoi seach agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratas nó cás aonair?
- Ar urramaíodh na forálacha nós imeachta uile sna Treoracha agus sna Rialacháin ábhartha agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratas nó cás aonair?
- Ar cloíodh leis na spriocdhátaí ábhartha go léir agus arbh éifeachtúil iad na próisis trína ndearnadh an cinneadh?

Tabharfar aird ar leith ar cé acu a sainaithníodh **riachtanais speisialta nós imeachta agus/nó riachtanais speisialta ghlactha** agus ar tugadh freagra leordhóthanach orthu; agus ar urramaíodh **prionsabal na rúndachta agus an chosaint sonraí pearsanta** le linn phróiseáil an cháis.

I gcomhthéacs cleachtadh faireacháin tíre, déanfar an tsampláil cásanna de ghnáth le linn an trátha a bheartaítear don Bhallstát chun freagra a thabhairt ar an gceistneoir agus i bhfad roimh an gcuairt ar an láthair.

Téitear i gcomhairle leis na Ballstáit le linn chéim an tionscnaimh maidir leis an gcleachtadh samplála cásanna, go háirithe maidir le cumraíocht bheacht (na nósanna imeachta) agus comhdhéanamh na samplála cásanna.

### Cineálacha cásanna a bheidh faoi réir anailís samplála

Luaitear in aithris (21) de Rialachán EUAA: "Is iomchuí gurb é atá i gceist le sampláil cásanna ná cinntí dearfacha agus diúltacha lena gcumhdaítear tréimhse ama áirithe agus a bheidh ábhartha do ghné CET a bhfuil faireachán á dhéanamh uirthi lena gcumhdaítear tréimhse ama áirithe. Is iomchuí an tsampláil cásanna a bhunú ar thásca oibiachtúla, amhail na rátaí aitheantais."

Sainítear na cásanna atá faoi réir na hanailíse samplála cásanna leis na príomhchinntí riaracháin a dhéantar agus CET á chur chun feidhme. Féadfar na cineálacha cinntí seo a leanas go háirithe a áireamh sa tsampláil cásanna:

1. Nósanna imeachta Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear cinneadh aistrithe agus cinntí maidir le hiarrataí ar ghabháil ar ais agus ar ghabháil ar láimh;
2. Scrúdú ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta:
   a) Nós imeachta "rialta";

   b) Nós imeachta inghlacthachta;
   c) Nós imeachta luathaithe;
   d) Nós imeachta teorann;
   e) Iarratais ar léir iad a bheith gan bhunús;
3. Tacaíocht ghlactha a fhoirceannadh, a laghdú nó a dhiúltú;
4. Stádas cosanta idirnáisiúnta a tharraingt siar;
5. Coinneáil i gcomhréir le hAirteagal 8 den Treoir maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú).

Braithfidh cumraíocht bheacht na gcásanna a mbeidh anailís le déanamh orthu ar na cineálacha nósanna imeachta a chuirfear chun feidhme sa Bhallstát, ar chomhdhéanamh líon cásanna an Bhallstáit agus ar na pointí airde a d'fhéadfadh a bheith ann bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil do EUAA cheana féin.

Tabharfar aird ar leith ar chásanna leanaí neamhthionlactha.

### Comhdhéanamh an cháschomhaid

Beidh gnéithe éagsúla de na cáschomhaid faoi seach faoi réir anailís samplála cásanna. Go háirithe:

- an cinneadh aonair,
- na heilimintí go léir a bhaineann leis na céimeanna nós imeachta a leanadh, lena n-áirítear maidir le ráthaíochtaí nós imeachta a urramú,
- na heilimintí a cuireadh san áireamh chun teacht ar an gcinneadh sin.

D'fhéadfadh foirmeacha clárúcháin, tras-scríbhinní agallaimh, Faisnéis ábhartha faoin Tír Thionscnaimh (COI)[10], measúnuithe leochaileachta agus an cinneadh réasúnaithe a bheith sa cháschomhad, ag brath ar an gcineál nós imeachta riaracháin ina ndéantar an cinneadh.

Níor cheart doiciméid rúnaicmithe a roinnt le EUAA mar chuid de cháschomhad.

### Méid an tsampla

Agus na hacmhainní atá ar fáil agus timthriall an chláir faireacháin á gcur san áireamh, déanfar athbhreithniú ar 50 cás ar an meán in aghaidh an chleachtaidh faireacháin tíre. Féadfaidh an líon beacht a bheith éagsúil ag brath ar mhéid líon na gcásanna sa Bhallstát. I bprionsabal, áirítear gach cinneadh riaracháin mar chás amháin. I gcás ina gcumhdaíonn cinneadh amháin níos mó ná duine fásta amháin agus/nó leanbh cleithiúnach amháin nó níos mó, áireofar é sin fós mar aon chás amháin.

### Modh chun roghnú randamach a dhéanamh

Braitheann an tsampláil cásanna ar roghnú randamach na gcásanna a bhfuil anailís le déanamh orthu.

[10] Má tá COI ar fáil go poiblí, is leor tagairtí don fhoinse ábhartha.

Féadfaidh EUAA critéir a shainiú chun cásanna a scagadh, mar shampla ar bhonn na dtíortha tionscnaimh, na rátaí aitheantais[11], inscne an phríomhiarrthóra, nó stádas an linbh neamhthionlactha, agus feidhmiúlachtaí an chórais náisiúnta bainistithe cáschomhad á gcur san áireamh.

Maidir le gach cineál cinnidh, iarrfaidh EUAA ar an mBallstát liosta cásuimhreacha a roinnt ina ndearnadh cinneadh le linn na sé mhí roimhe sin (ar féidir é a shíneadh go ceann bliain amháin, i gcás riaracháin a bhfuil líon cásanna níos lú acu). D'fhéadfadh cásuimhreacha tagairt a dhéanamh do líon na gcásanna ina ndéantar cinneadh nó d'uimhir aonair an phríomhiarrthóra, a ndearnadh an cinneadh ina leith. I gcás ina léiríonn an Ballstát go bhféadfadh líon doláimhsithe cásanna a bheith i liosta den sórt sin, déanfaidh EUAA na critéir a chúngú tuilleadh chun cásanna a scagadh.

Roghnóidh EUAA go randamach ansin ón liosta na cásanna a bheidh faoi réir na hanailíse samplála cásanna.

## Cosaint ar shonraí pearsanta agus ar chomhroinnt comhad chun críocha na samplála cásanna

I gcomhréir le hAirteagal 31(1) de Rialachán EUAA, "Ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht sonraí pearsanta a phróiseáil ach a mhéid is gá agus chun na gcríoch seo a leanas amháin: [...] (b) sampláil cásanna a dhéanamh chun críoch an fhaireacháin amhail dá dtagraítear in Airteagal 14;", agus in Airteagal 31(2) den rialachán céanna "urramófar prionsabal na comhréireachta agus beidh sí teoranta do na sonraí pearsanta is gá chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1."

Beidh sé ríthábhachtach don phróiseas samplála na coimircí cosanta sonraí is gá a urramú.
Féadfaidh na Ballstáit ainm an iarratasóra agus/nó ainmneacha a mball díreach teaghlaigh a fholú sa cháschomhad, chomh maith le haon sonraí eile lena bhféadfaí iad a shainaithint. Féadfaidh na Ballstáit freisin na sonraí a bhaineann leis an bhfoireann atá ag obair (cásoifigigh, ateangairí, etc.) a cheilt nó a bhaint. Mar sin féin, ba cheart sonraí pearsanta atá riachtanach chun anailís iomchuí a dhéanamh ar shamplaí cásanna a choinneáil.
Is féidir na cáschomhaid a chomhroinnt ón mBallstát le EUAA trí ríomhphost criptithe, trí ardán slán nó trí amharc ar an gcáschomhad ar an láthair, faoi rogha an Bhallstáit.

Forbróidh EUAA ardán malartaithe comhad chun gur féidir na cáschomhaid a mhalartú go slán, agus an riosca a bhaineann le haon sárú ar shonraí á íoslaghdú ag an am céanna (i measc nithe eile trí chriptiú idir cliant agus freastalaí, fíordheimhniú ilfhachtóra, feidhmeanna iniúchóireachta agus bainistiú rochtana úsáideoirí ar bhonn riachtanas eolais).

Tar éis do EUAA na cáschomhaid a fháil, laghdóidh sé a thuilleadh aon sonraí pearsanta nach bhfuil riachtanach don anailís samplála.

Cuirfidh EUAA liosta ar fáil don Bhallstát, más gá, de na baill foirne uile a mbeidh rochtain acu ar na comhaid aonair.

[11] Féach Rialachán EUAA, aithris (21).

Nuair a bheidh an cleachtadh faireacháin curtha i gcrích, scriosfar na sonraí pearsanta uile a cuireadh ar fáil ó na comhaid agus ó na fillteáin atá stóráilte ag EUAA agus cuirfear an méid sin in iúl don Bhallstát.

**Socruithe aistriúcháin**

Is féidir leis na Ballstáit na cáschomhaid roghnaithe a roinnt le EUAA sa bhunteanga.

I bhfianaise líon ard coibhneasta na gcásanna a ndéanfar anailís orthu, féachfaidh EUAA an bhféadfaí an t-aistriúchán a dhéanamh trí eTranslation, uirlis mheaisínaistriúcháin de chuid an Choimisiúin. Is féidir le eTranslation doiciméid ó gach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais a aistriú. Tá sé ar fáil d'institiúidí an Aontais agus do chomhlachtaí incháilithe eile thar nasc slán idirlín. Ní roinntear aon sonraí le tríú páirtithe. Is féidir le eTranslation an téacs a phróiseáil i bhformáidí éagsúla (e.g. doc, .docx, .pdf, .odt, .ott, .rtf, .txt, .xml, .html, etc.).

I gcás doiciméid nach féidir leis an uirlis eTranslation a phróiseáil, nó mura dtugann an uirlis aistriúchán atá soiléir go leor ar shliocht ar leith, nó i gcás ina sainaithníonn anailísithe samplála cásanna easnaimh, tabharfaidh EUAA faoi sheirbhísí aistriúcháin breise de réir mar is gá chun críocha na hanailíse samplála cásanna. Chomh maith leis sin, i gcás amharc *in situ* ar na cáschomhaid, cuirfidh EUAA aistritheoir ar fáil. Rachaidh EUAA i dteagmháil leis an mBallstát chun soiléirithe a iarraidh i gcás inar gá, mar shampla maidir leis an téarmaíocht a úsáidtear.

## 6.3 Uirlisí don chuairt ar an láthair

Le linn na cuairte ar an láthair, baileoidh baill na foirne saineolaithe faisnéis bhreise agus fíoróidh siad an fhaisnéis uile a bhaileofar trí na huirlisí agus na gníomhaíochtaí a liostaítear thíos.

**Cruinnithe leis an mBallstát**

Le linn na cuairte ar an láthair, eagrófar cruinnithe leis na húdaráis náisiúnta ar an leibhéal lárnach agus réigiúnach nó áitiúil. Tionólfar na cruinnithe seo a leanas, go háirithe, leis na húdaráis náisiúnta uile atá i láthair ar an leibhéal lárnach:

- **cruinniú tosaigh** ag tús na cuairte ar an láthair d'fhonn clár mionsonraithe na cuairte ar an láthair agus a fócas a chur i láthair, faisnéis a mhalartú, módúlachtaí oibre agus eagrú na foirne saineolaithe a mhíniú, nuashonrú a dhéanamh ar shonraí sonracha na suíomhanna a dtabharfar cuairt orthu, e.g. údair imní a shainítear le linn anailís a dhéanamh ar dhoiciméid ullmhúcháin a fuarthas roimh an gcuairt ar an láthair, príomh-shaincheisteanna atá le soiléiriú le linn na cuairte ar an láthair, agus más gá plé a dhéanamh ar oiriúnú féideartha an chláir agus ar oiriúnú féideartha ar bhonn riachtanas agus teorainneacha a ardaítear ar thaobh EUAA agus na mBallstát araon, etc.
- **cruinniú clabhsúir** ag deireadh na cuairte d'fhonn eolas a thabhairt faoi na gníomhaíochtaí a tharla le linn na cuairte agus chun aon fhaisnéis atá ag teacht salach ar a chéile a shoiléiriú agus chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí faisnéise, chun an Ballstát a chur ar an eolas maidir le haon obair leantach is gá chun na torthaí a ullmhú (e.g. doiciméadacht bhreise a chur isteach i scríbhinn)

agus na chéad chéimeanna eile. De réir Rialachán EUAA, iarrfar ar an mBallstát a bharúil a thabhairt ar na torthaí.

Eagrófar cruinnithe breise más gá. I gcás inarb infheidhme, leanfar cur chuige comhchosúil le haghaidh cuairteanna ar an leibhéal réigiúnach agus/nó áitiúil. Tá an fhoireann saineolaithe faoi cheangal i gcónaí ag na rialacha ábhartha cosanta sonraí agus rúndachta i gcomhréir le Rialachán EUAA agus leis an gcreat is infheidhme.

### Cruinnithe le páirtithe leasmhara eile a bhaineann le cur i bhfeidhm CET

Eagraítear cruinnithe le páirtithe leasmhara eile atá ábhartha do chur i bhfeidhm CET, má mheasann an fhoireann saineolaithe gur gá sin, faoi na coinníollacha a ndéantar cur síos orthu sa chreat maidir le bailiú faisnéise.

### Barúil

Breathnóireacht ar nósanna imeachta, cleachtais agus saoráidí oibre ábhartha, lenar féidir faisnéis dhíreach a bhailiú maidir le cur chun feidhme praiticiúil na nósanna imeachta éagsúla agus na ndálaí i saoráidí na mBallstát.

Níor cheart do bhaill na bhfoirne saineolaithe cur isteach ná bac a chur ar obair na n-oifigeach ná na mball foirne eile agus níor cheart ceisteanna a chur ach amháin tar éis d'oifigigh/don fhoireann aon chúraimí leanúnacha a bheith críochnaithe acu. Nuair a thugtar cuairt ar shaoráidí agus/nó ar údaráis, ba cheart príobháideachas aíonna agus/nó iarratasóirí a urramú i gcónaí. I gcás ina bhfuil nós imeachta aonair i gceist leis an mbreathnóireacht, ba cheart don iarratasóir a thoiliú a thabhairt a mhéid a roinntear ráitis phearsanta agus/nó sonraí (e.g. sonraí clárúcháin).

Féadfaidh saineolaithe barúlacha a thaifeadadh agus nótaí a choinneáil mar thagairt go dtí go gcuirfear an cleachtadh faireacháin i gcrích. Féadfar grianghraif a úsáid chun tacú le barúlacha agus aird chuí á tabhairt ar shrianta náisiúnta agus le comhaontú an Bhallstáit agus/nó na ndaoine lena mbaineann "i gcomhréir le rialacha an Aontais agus na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le cosaint sonraí." Sa chás sin, úsáidfear trealamh EUAA (ní cheadaítear fóin phríobháideacha a úsáid) chun faisnéis a thaifeadadh agus a stóráil.

### Agallaimh

Oibreoidh EUAA i gcomhar leis an mBallstát lena mbaineann chun pearsanra iomchuí a shainaithint a bhfuil saineolas acu atá ábhartha chun críche an chleachtaidh faireacháin. Déanfar tuilleadh plé laistigh den Líonra Faireacháin ar mhódúlachtaí chun pearsanra ábhartha agus/nó daoine nach oifigigh iad agus tríú páirtithe a chur faoi agallamh.

I gcás ina mbeidh gá le haiseolas agus/nó taithí iarrthóirí tearmainn chun críche na cuairte ar an láthair, cuirfear é sin chun feidhme trí uirlisí tiomnaithe anaithnide a úsáid, amhail suirbhéanna nó idirghabhálaithe.

Agus an fhaisnéis riachtanach á bailiú acu, ba cheart do shaineolaithe iad féin a theorannú do bhailiú sonraí oibiachtúla, gan ceisteanna moltacha ná gríosaitheacha a úsáid. Reáchtálfar agallaimh agus plé ar bhealach measúil agus gairmiúil agus de mheon comhoibritheach.

### Ceisteanna bunaithe ar chás

Ceisteanna bunaithe ar chás mar uirlis chomhlántach chun faisnéis bhreise a bhailiú maidir leis na próisis agus na cleachtais a leanann oifigigh na mBallstát i gcásanna sonracha atá ábhartha do na critéir oibiachtúla, agus seasamh agus réimse saineolais na n-oifigeach á gcur san áireamh ag an am céanna. Is é an aidhm atá leis sin tuiscint níos fearr a fháil ar na nósanna imeachta is infheidhme i gcásanna sonracha (e.g. méadú i líon na ndaoine atá ag teacht isteach), agus a bheith treoraithe sna nósanna imeachta sin, agus gan tuairimíocht a dhéanamh faoi chásanna aonair.

### Doiciméadacht bhreise agus/nó faisnéis bhreise

Féadfaidh an fhoireann saineolaithe dul i gcomhairle leis an doiciméadacht ábhartha is gá, lena n-áirítear treoirlínte agus treoracha, taifid agus córas bainistithe cáschomhad (nó codanna de), a mhéid is gá chun críche an chleachtaidh faireacháin. Urramófar aicmiú na ndoiciméad ag an mBallstát lena mbaineann.

Tabharfar an deis do na Ballstáit faisnéis bhreise a chur ar fáil maidir le haon cheisteanna atá fós gan réiteach tar éis na cuairte ar an láthair laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe.

Más gá soiléiriú breise a thabhairt tar éis na cuairte ar an láthair, seolfar an iarraidh chuig an mBallstát i scríbhinn faoi dheireadh na cuairte agus tráth nach déanaí ná trí lá tar éis dheireadh na cuairte ar an láthair. Ag brath ar chastacht na ceiste, comhaontaítear tréimhse ama réasúnta le haghaidh aiseolas fháil ó na Ballstáit.

### Rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe

Ba cheart rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe a thabhairt do bhaill foirne a bhfuil imréiteach slándála iomchuí eisithe ag údarás inniúil acu. Ba cheart féachaint ar imréiteach slándála náisiúnta atá faoi rún nó comhchosúil mar imréiteach slándála iomchuí sa chomhthéacs sin. Más ábhartha, táthar ag súil go gcuirfidh baill na foirne saineolaithe a n-imréiteach slándála ar fáil mar ullmhúchán don chuairt. Tá EUAA faoi cheangal ag rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint dá dtagraítear in Airteagal 65 de Rialachán EUAA.

# 7 Foirmliú torthaí agus moltaí faireacháin

Sainítear i Rialachán EUAA an creat chun bailchríoch a chur ar thorthaí, ar mholtaí agus ar obair leantach bhreise (Airteagal 15(3), Airteagal 15(4) agus aithris 20).

I gcomhthéacs gach cleachtaidh faireacháin, "Seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin torthaí cleachtaidh faireacháin chuig an mBallstát lena mbaineann le haghaidh tráchtaí, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, soiléiriú maidir lena riachtanais." Cuirfidh na Ballstáit barúlacha isteach i gcomhréir leis an Rialachán.

Tar éis Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (Rialachán Bhaile Átha Cliath III) a ionadú, i gcomhréir le hAirteagal 73 de Rialachán EUAA ("clásal éagtha"): "Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, [i gcomhréir le hAirteagal 15(4), ar bhonn na dtorthaí dá dtagraítear in Airteagal 15(3) agus barúlacha an Bhallstáit lena mbaineann á gcur san áireamh,] agus i gcomhairle leis an gCoimisiún, dréachtmholtaí a tharraingt suas." Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann barúlacha isteach laistigh de na tréimhsí ama a bheartaítear sa Rialachán mar a chuirtear i láthair thíos.

## 7.1 Tuarascáil maidir le faireacháin

Chun measúnú cuimsitheach a áirithiú agus trédhearcacht a fheabhsú maidir leis an modheolaíocht agus na huirlisí a úsáidtear, ullmhófar tuarascáil maidir le faireacháin le haghaidh gach cleachtaidh faireacháin.

Ba cheart go mbeadh an tuarascáil faireacháin soiléir, bunaithe ar fhianaise, go sainaithneofaí easnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann agus go ndíreofaí ar fheabhsuithe agus ar éifeachtúlacht chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET a fheabhsú. Ba cheart an tuarascáil faireacháin a bheith gonta agus achomair agus go ndírítear inti ar easnaimh a bhfuil tionchar suntasach acu ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET agus ba cheart aird a tharraingt inti ar réimsí inar cheart feabhsuithe tábhachtacha a dhéanamh chomh maith le dea-chleachtais.

Leanfaidh an tuarascáil faireacháin formáid struchtúrtha lena n-áirítear:

- **Achoimre**: ina ndírítear aird ar na príomhfhorbairtí, na príomhthorthaí agus an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh tuarascálacha roimhe seo;
- **Réamhrá**: lena leagtar amach comhthéacs agus cuspóir na tuarascála lena n-áirítear tuairisc ghinearálta ar chleachtadh faireacháin EUAA, comhdhéanamh na foirne saineolaithe, an beartas scaipthe agus séantaí ábhartha;
- **Raon feidhme, modhanna agus creat ama an chleachtaidh faireacháin**, i.e. creat chun faisnéis a bhailiú agus a anailísiú chun críocha an chleachtaidh faireacháin, tuairisc ar na huirlisí faireacháin a úsáidtear sa chleachtadh sonrach (e.g. sampláil cásanna, ceistneoir faireacháin, páirtithe leasmhara a chuir ionchur leis), forléargas ar na cuairteanna ar an láthair lena léirítear cruinnithe a tionóladh le húdaráis na mBallstát agus le páirtithe leasmhara eile;
- **Torthaí:** toradh an mheasúnaithe a rinneadh chun eilimintí agus/nó réimsí a shainaithint ar gá feabhas a chur orthu ionas go mbeifear in ann iomlán na gcritéar oibiachtúil a bhaint amach de réir

a chéile i ndáiríre, bearta feabhais féideartha a léiriú i gcás inarb indéanta, chomh maith le haon dea-chleachtas sainaitheanta;
- **Conclúid** ina ndéantar achoimre ar na chéad chéimeanna eile agus ar an obair leantach.

Beidh an méid seo a leanas sa tuarascáil faireacháin, de réir mar is gá:

- **Admhálacha** d'eagraíochtaí a chuir faisnéis leis an tuarascáil;
- **Tagairtí** ina luaitear foinsí a úsáidtear sa tuarascáil.

**Iarscríbhinní** curtha i gceangal, lena n-áirítear aon ábhar ábhartha a mheasann an fhoireann saineolaithe is gá chun tacú le measúnú agus/nó dréachtú torthaí, nó doiciméid fhorlíontacha.

## 7.2 Torthaí

Ar bhonn an mheasúnaithe, dréachtaítear torthaí i gcomhréir leis an modheolaíocht faireacháin. Déantar measúnú ar gach toradh i bhfianaise a thionchair ar fheidhmiú CET.

### Dréachtú na dtorthaí

Ba cheart torthaí na gcleachtaí faireacháin uile a bheith gearr agus gonta, agus dírithe ar easnaimh, ar dhúshláin agus ar réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu. Nuair is infheidhme, sainaithneofar ann dea-chleachtais freisin. Féadfar na torthaí sa tuarascáil a eagrú ó thaobh téama de agus de réir phríomh-chomhpháirteanna nó phríomhchéimeanna CET.

Tacaítear leis na torthaí trí anailís ar bhonn fianaise. Cuirtear i láthair gach toradh le tuairisc shoiléir ar na heasnaimh agus ar na dúshláin, le tacaíocht ó fhianaise ábhartha agus le tagairt don mhodheolaíocht a úsáidtear chun é a shainaithint.

Áireofar sna torthaí, i gcás inarb indéanta, léirithe ar fheabhsuithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta, agus eagrúchán náisiúnta gach Ballstáit á chur san áireamh agus tabharfar léiriú don Bhallstát lena mbaineann ar na tosaíochtaí maidir leis an tionchar ar fheidhmiú CET. D'fhéadfadh sin a bheith mar bhunús le moltaí.

Ba cheart don fhoireann saineolaithe na dréacht-torthaí a phlé chun teacht ar chomhthuiscint.

### Próiseas comhairliúcháin leis an mBallstát lena mbaineann

De bhun Airteagal 15(3) de Rialachán EUAA, cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin torthaí cleachtaidh faireacháin chuig an mBallstát lena mbaineann le haghaidh barúlacha, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, léirithe ar a riachtanais. Beidh aon mhí (1) amháin ag na Ballstáit ón dáta a gheofar na torthaí chun barúlacha a chur isteach. Tá sé seo infheidhme maidir le gach cineál cleachtaí monatóireachta.

Cuirtear barúlacha an Bhallstáit san áireamh agus na torthaí á dtabhairt chun críche. I gcás ina measann EUAA nó an Ballstát gur gá sin (e.g. mar gheall ar bhreithnithe maidir le fad chun cur i láthair iomlán sheasamh na n-údarás náisiúnta a áirithiú), cuirfear barúlacha na mBallstát san áireamh freisin sna foscríbhinní tuarascála mar dhoiciméad neamhspleách.

I gcás faireachán téamach, déanfar na dréacht-torthaí a dháileadh ina n-aonar ar gach Ballstát le haghaidh barúlacha mar a leagtar amach i Rialachán EUAA 15(3). Ó theacht i bhfeidhm Airteagal 15, aithrisí (4) go (8) de Rialachán EUAA, ullmhófar tuarascáil chríochnaitheach amháin, ina gcuimseofar torthaí uile na mBallstát chun cur chuige comhsheasmhach agus cuimsitheach a áirithiú i gcomhréir le raon feidhme an fhaireacháin théamaigh agus leis an ngá atá le comhordú agus le gníomhaíocht chothrománach. Go dtí go dtiocfaidh an chéim sin i bhfeidhm, cuirfidh EUAA torthaí téamacha faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta gan tagairt d’easnaimh shonracha ar Bhallstáit aonair, mura gcinnfear a mhalairt.

## 7.3 Moltaí

Mar a luaitear in Airteagal 15(4) de Rialachán EUAA: “Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ar bhonn na dtorthaí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo agus tráchtaí an Bhallstáit lena mbaineann á gcur san áireamh, agus i gcomhairle leis an gCoimisiún, dréachtmholtaí a tharraingt suas. Leagfar amach sna dréachtmholtaí na bearta atá le déanamh ag an mBallstát lena mbaineann, lena n-áirítear le cúnamh ón nGníomhaireacht, de réir mar is gá, agus teorainn ama faoina gcaithfidh an Ballstát lena mbaineann aon bhearta is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh nó ar shaincheisteanna maidir le hacmhainneacht agus ullmhacht a shainaithnítear sa chleachtadh faireacháin.” Ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a bheith in ann cúnamh a iarraidh ar an nGníomhaireacht chun na moltaí a chur chun feidhme agus féadfaidh sé tacaíocht shonrach airgeadais a iarraidh ar ionstraimí airgeadais ábhartha de chuid an Aontais (aithris 20).

Tabharfar tosaíocht do na dréachtmholtaí bunaithe ar an bpráinn a bhaineann leo agus ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith acu ar fheidhmiú CET.

### Próiseas comhairliúcháin leis an mBallstát lena mbaineann

I gcomhréir le hAirteagal 15(4) de Rialachán EUAA: “Seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na dréachtmholtaí chuig an mBallstát lena mbaineann.” I gcás cleachtaí faireacháin de réir tíre agus de réir téama, “[b]eidh mí amháin ón dáta a bhfaightear na dréachtmholtaí ag an mBallstát lena mbaineann a bharúlacha a thíolacadh ina dtaobh.

Sna cásanna dá dtagraítear Airteagal 15 (2) (faireachán *ad hoc*), “tíolacfaidh an Ballstát lena mbaineann a bharúlacha laistigh de 15 lá.”

### Glacadh agus obair leantach

Tar éis barúlacha an Bhallstáit lena mbaineann a chur san áireamh, cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na torthaí agus na dréachtmholtaí faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta. Déanfaidh an Bord Bainistíochta na moltaí a ghlacadh trí chinneadh ó dhá thrian dá chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu.

Nuair a ghlacann an Bord Bainistíochta leis na moltaí, ullmhóidh an Ballstát plean gníomhaíochta maidir lena gcur chun feidhme de réir mar is gá agus roinnfidh sé é sin le EUAA. Sonrófar sa phlean gníomhaíochta na bearta agus an amlíne. Féadfaidh EUAA tacú leis an mBallstát i ndáil leis sin. Tuairisceoidh an Ballstát go tréimhsiúil do EUAA maidir le dul chun cinn an phlean gníomhaíochta i gcomhréir leis an amlíne léirithe agus i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán EUAA. Chuige sin, féadfar cruinnithe déthaobhacha a eagrú idir EUAA agus an Ballstát. Tuairisceoidh EUAA don Choimisiún. Coinneofar an Bord Bainistíochta ar an eolas go rialta faoin dul chun cinn a dhéanfar i gcur chun feidhme na moltaí.

Sonraítear in Airteagail 15(4)-15(8) de Rialachán EUAA an próiseas leantach a dhéanfaidh an Coimisiún, i gcás nach gcuirfidh Ballstát na bearta a leagtar amach i moltaí na Gníomhaireachta chun feidhme laistigh den teorainn ama atá leagtha síos, rud a mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha ar fheidhmiú CET mar thoradh air.

## 7.4 Beartas scaipthe na tuarascála faireacháin

Cinnfear stádas aicmiúcháin na dtuarascálacha faireacháin i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443[12]. In gcás ar bith, ní bheidh an tuarascáil maidir le faireachán le scaipeadh go poiblí.

I gcás iarrataí ar rochtain phoiblí, ag brath ar an raon feidhme agus ar an gcreat dlíthiúil is infheidhme, rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann nó cuirfidh sí ar an eolas é de réir mar is iomchuí[13].

Chun trédhearcacht a chothú, forbróidh EUAA, i gcomhairle leis an mBallstát, achoimre ina leagfar amach cur chun feidhme an chleachtaidh faireacháin, príomhréimsí na dtorthaí agus moltaí maidir le scaipeadh poiblí. Féadfar an achoimre sin a chur ar fáil i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit.

Rachfar i gcomhairle tuilleadh leis na Ballstáit tríd an Líonra Faireacháin maidir le teimpléad achoimre a fhorbairt.

[12] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32015D0443.
[13] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, IO L 145, 31.5.2001.

# 8 Gnéithe nós imeachta le haghaidh na gcleachtaí faireacháin

## 8.1 Rialacha agus prionsabail maidir le foirne saineolaithe a bhunú

### *8.1.1 Comhdhéanamh na bhfoirne saineolaithe*

Is é Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUAA atá freagrach as foirne saineolaithe a chur ar bun (Airteagal 47(5)(p)), ar a mbeidh saineolaithe ó fhoireann na Gníomhaireachta féin, ón gCoimisiún agus, i gcás inar gá, ó na Ballstáit agus, mar bhreathnóir, ó UNHCR. Mar sin féin, ní chuireann neamhláithreacht bhreathnóra ó UNHCR cosc ar na foirne a gcúraimí a chomhlíonadh (aithris 24).

**Foireann EUAA**

Tá na foirne saineolaithe comhdhéanta go príomha d'fhoireann na Gníomhaireachta. Tugann an Ghníomhaireacht faoi fhreagracht fhoriomlán agus faoi chomhordú na bhfoirne saineolaithe chomh maith leis na hullmhúcháin is gá.

**An Coimisiún Eorpach**

Glacann an Coimisiún páirt sna foirne saineolaithe i gcomhréir leis an struchtúr táscach atá beartaithe thíos. Is é an Coimisiún a chumhdaíonn na costais uile a bhaineann le rannpháirtíocht san fhoireann saineolaithe. Féadfaidh EUAA na socruithe taistil do na cuairteanna ar an láthair sna Ballstáit, go háirithe cóiríocht agus aistrithe inmheánacha, a chomhordú.

**Saineolaithe na mBallstát**

De réir an Rialacháin, beidh an fhoireann saineolaithe comhdhéanta de shaineolaithe ó na Ballstáit, i gcás inar gá. Cé nach gceaptar sásra faireacháin EUAA mar phróiseas athbhreithnithe piaraí, tacaíonn EUAA le rannpháirtíocht ghníomhach shaineolaithe na mBallstát sna foirne saineolaithe. Chun ainmniú saineolaithe sna foirne a éascú, bunófar uainchlár de shaineolaithe ó na Ballstáit chun críocha faireacháin (dá ngairtear "Uainchlár Faireacháin" anseo feasta) agus a chuirtear i láthair thíos (féach 8.1.4 Bunú an Uainchláir Faireacháin). Ní chuirtear cosc ar na foirne saineolaithe a gcúraimí a chomhlíonadh in éagmais saineolaithe na mBallstát.

Glacann saineolaithe na mBallstát páirt i gcleachtaí faireacháin ina gcáil féin agus ní mar ionadaithe ar a mBallstát faoi seach. Dá bhrí sin, níor cheart dóibh comhairle agus/ná treoir a lorg óna mBallstát féin agus an cleachtadh faireacháin á dhéanamh acu.

Déantar mionsonrú le cinneadh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an nós imeachta maidir le saineolaithe a roghnú a bheidh le sannadh ar uainchlár de shaineolaithe ó na Ballstáit chun críocha faireacháin, lena n-áirítear an t-uainchlár a chruthú agus a bhainistiú, costais a bhaineann le misin a aisíoc, an nós imeachta maidir le saineolaithe a ainmniú agus a cheapadh i gcleachtadh faireacháin, rúndacht, gníomhaíochtaí iarcheapacháin shaineolaithe na mBallstát agus sonraí pearsanta.

Bheadh aisíocaíochtaí teoranta don am a chaitear i mbun na hoiliúna, don chuairt ar an láthair agus don obair ullmhúcháin agus leantach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar áitreabh EUAA, cé nach féidir aon obair a dhéantar go cianda óna mBallstát faoi seach a chúiteamh[14].

**Breathnóirí ó UNHCR**

Glacann UNHCR páirt mar bhreathnóir sna foirne saineolaithe i gcomhréir leis an struchtúr táscach beartaithe a chuirtear i láthair thíos. Ní chuirtear cosc ar na foirne saineolaithe a gcuid cúraimí a dhéanamh in éagmais breathnóirí UNHCR.

Cumhdaíonn EUAA aisíocaíochtaí a bhaineann le costais mhisin agus an t-am a chaitear i mbun na cuairte ar an láthair agus obair ullmhúcháin agus leantach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar áitreabh EUAA, cé nach féidir cúiteamh a chur ar fáil i gcomhair aon obair a dhéantar go cianda. Déantar mionsonrú ar na saincheisteanna seo le cinneadh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

### *8.1.2 Struchtúr agus méid na bhfoirne saineolaithe*

Braitheann struchtúr agus méid na bhfoirne ar chineál agus raon feidhme an chleachtaidh faireacháin mar seo a leanas.


**Cleachtadh faireacháin tíre**

Is oifigeach sinsearach EUAA a ghníomhaíonn chomh maith leis sin mar **Chomhordaitheoir Tíre um Fhaireachán EUAA** a dhéanann comhordú ar an bhfoireann saineolaithe le haghaidh cleachtadh sonrach faireacháin tíre.

Chun an raon leathan saineolais is gá chun críocha an chleachtaidh faireacháin a chumhdach go leordhóthanach, ach chun an t-ualach oibre a bhainistiú ar bhealach níos fearr freisin, eagrófar an fhoireann faireacháin tíre i **bhfofhoirne téamacha** sonracha ina mbeidh saineolaithe sna réimsí **tearmainn agus glactha.**

Comhordaíonn **ceannaire téamach EUAA** a bhfuil saineolas ábhartha aige gach fofhoireann.

**Fíor 3. Cur i láthair scéimreach na bhfofhoirne faireacháin**




*Foinse:* EUAA


[14] Cosúil le rannchuidiú na mBallstát maidir le foirne a dhréachtú do thuarascálacha, treoracha agus uirlisí EUAA agus do na foirne tacaíochta tearmainn.

Féadfaidh méid táscach na foirne a bheith idir ceathrar agus seachtar déag saineolaithe. Féadfaidh EUAA méid na foirne a choigeartú a thuilleadh de réir mar is gá ar bhealach comhréireach.

Go táscach, d’fhéadfadh an fhoireann saineolaithe le haghaidh cleachtadh faireacháin tíre a bheith comhdhéanta mar seo a leanas:

- Idir triúr agus seachtar ball foirne EUAA, lena n-áirítear Comhordaitheoir Tíre um Fhaireachán EUAA agus beirt Cheannairí Théamacha;
- Idir saineolaí amháin agus ceathrar saineolaithe ón gCoimisiún;
- Suas le ceathrar saineolaithe ó na Ballstáit, ag brath ar mhéid foriomlán na foirne;
- Suas le beirt saineolaithe ó UNHCR mar bhreathnóirí.

**Fíor 4. Cur i láthair táscach na foirne saineolaithe le haghaidh cleachtadh faireacháin tíre**




*Foinse:* EUAA

Coinníonn EUAA solúbthacht maidir le méid na bhfoirne faireacháin saineolaithe chun an éifeachtúlacht a mhéadú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú.

Déanfaidh EUAA méid na foirne faireacháin a shainiú agus a choigeartú ag brath ar riachtanais agus ar dhúshláin gach cleachtaidh faireacháin shonraigh, ar mhéid agus ar shreabha imirce an Bhallstáit a bhfuil faireachán le déanamh air, ar chastacht a chórais tearmainn agus/nó ghlactha chomh maith le líon na suíomhanna atá le cumhdach le linn cuairt ar an láthair.

Agus líon na dtíortha agus na gcleachtaí téamacha atá beartaithe gach bliain á gcur san áireamh, saineoidh EUAA comhdhéanamh na foirne saineolaithe roimh gach cleachtadh agus tabharfaidh sé fógra don Bhallstát lena mbaineann. Féadfaidh foireann bhreise EUAA tacú le gach foireann saineolaithe a dhéanann maoirseacht ar lóistíocht, ullmhúcháin, seirbhísí ateangaireachta, etc.

### Cleachtadh faireacháin *ad hoc*

Déanfar comhdhéanamh na foirne thuas a choigeartú i gcomhréir leis an bhfócas sonrach ag brath ar na hábhair imní thromchúiseacha sainaitheanta ag EUAA nó ag an gCoimisiún, lena gcumhdófar na réimsí uile atá faoi athbhreithniú nó cuid díobh i gcomhréir leis na critéir oibiachtúla.

### Cleachtadh faireacháin téamach

Déanann ball foirne sinsearach EUAA, ag gníomhú dó mar Chomhordaitheoir Téamach, an fhoireann saineolaithe le haghaidh cleachtadh téamach sonrach a chomhordú. Ina theannta sin, táthar ag súil go mbeidh an fhoireann saineolaithe comhdhéanta mar seo a leanas:

- idir triúr agus seisear ball foirne EUAA, lena n-áirítear Comhordaitheoir Téamach um Fhaireachán EUAA;
- suas le beirt saineolaithe ón gCoimisiúin;
- suas le beirt saineolaithe ó na Ballstáit;
- suas le saineolaí amháin ó UNHCR mar bhreathnóir.

Is ionann méid táscach na foirne agus idir ceathrar agus naonúr saineolaithe. Féadfaidh EUAA méid na foirne a choigeartú a thuilleadh de réir mar is gá ar bhealach comhréireach.

### *8.1.3 Bunú na bhfoirne saineolaithe*

De réir Airteagal 47 (5) (p) agus (q) de Rialachán EUAA, is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin atá freagrach as foirne saineolaithe a chur ar bun chun críocha an tsásra faireacháin agus as cleachtadh faireacháin a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 15 (2), faoi seach. Ina theannta sin, sainíonn an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, i gcomhréir leis an struchtúr táscach a mhínítear thuas, an fhoireann de shaineolaithe le haghaidh gach cleachtadh faireacháin lena léirítear an méid seo a leanas:

- líon fhoireann EUAA;
- líon saineolaithe na mBallstát atá le ceapadh;
- líon ionadaithe ón gCoimisiúin;
- líon breathnóirí ó UNHCR.

Deimhneofar líon foriomlán na foirne saineolaithe mar chuid de bhunú na foirne agus cuirfear in iúl é don Bhallstát a bhfuil faireachán á dhéanamh air.

### Tarraingt siar/Cur ar ceal rannpháirtíochta ag saineolaí na mBallstát

Ba cheart cur ar ceal rannpháirtíochta a sheachaint a mhéid is féidir, go háirithe nuair a bheidh na socruithe taistil déanta. Mar sin féin, d'fhéadfadh cur ar ceal rannpháirtíochta saineolaí tarlú ar chúiseanna de chineál pearsanta a bhfuil údar cuí leo, atá tromchúiseach agus nach bhfuil coinne leo (cuir i gcás breoiteacht thobann). Cuirfear cur ar ceal in iúl trí fhógra a thabhairt i bhfoirm ráiteas i scríbhinn d'Aonad Faireacháin EUAA. Ba cheart tarraingt siar saineolaí ar chúiseanna a bhaineann leis

an obair (e.g. méadú tobann ar an ualach oibre, tabhairt chun críche tionscadail thábhachtaigh) a sheachaint, i gcás inar féidir.

I gcás ina dtarraingítear siar saineolaithe na mBallstát sula gcuirtear bailchríoch ar sceideal na gcuairteanna ar an láthair agus ar na socruithe taistil, féadfaidh EUAA ionadaí a lorg. Mura ndéantar duine eile a chur in ionad saineolaí na Ballstát, ní bheidh aon tionchar aige sin ar chur i gcrích na cuairte ar an láthair.

Ba cheart fógra a thabhairt don Bhallstát maidir leis an athrú.

### *8.1.4 Bunú an Uainchláir Faireacháin*

Bunófar uainchlár de shaineolaithe ó na Ballstáit chun críocha faireacháin. Cúltaca de shaineolaithe na mBallstát a bheidh san Uainchlár Faireacháin agus cuirfear ar fáil é chun críocha an tsásra faireacháin. I ndáil leis sin, forbróidh EUAA, i gcomhairle leis an Líonra Faireacháin (féach Caibidil 13 Ról an Líonra Faireacháin), teimpléad don fhoirm ainmniúcháin.

Féadfaidh gach Ballstát **cúigear saineolaithe ar a mhéad** a ainmniú san Uainchlár Faireacháin ar bhonn deonach a chomhfhreagróidh do na critéir ghinearálta a leagtar amach thíos.

Más rud é, chun críocha cleachtadh faireacháin, go bhfuil gá le saineolas sonrach nach gcumhdaíonn saineolaithe na mBallstát a ainmnítear san Uainchlár, féadfaidh an Ghníomhaireacht glao breise ar shaineolaithe a fhoilsiú le haghaidh an chleachtaidh faireacháin shonraigh.

Comhroinntear an glao ar cheapacháin saineolaithe leis an Líonra Faireacháin. Beidh na hainmniúcháin bailí ar feadh **dhá bhliain** agus féadfar iad a athnuachan. Féadfaidh an Ballstát ainmniúchán a aisghairm tráth ar bith má thagann deireadh le critéir agus/nó le hinfhaighteacht an tsaineolaí.

A luaithe a cheapfar saineolaithe na mBallstát san fhoireann, éascóidh na Ballstáit a rannpháirtíocht sa chleachtadh faireacháin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go nglacann na saineolaithe a ainmnítear san Uainchlár Faireacháin páirt sna seisiúin oiliúna EUAA is gá chun críocha an tsásra faireacháin.

Bunóidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin rialacha, nósanna imeachta agus uirlisí tacaíochta inmheánacha chun an tUainchlár Faireacháin a bhainistiú.

### *8.1.5 Critéir ghinearálta maidir le hainmniú shaineolaithe na mBallstát san Uainchlár Faireacháin*

Comhlíonfaidh saineolaithe na mBallstát a chuirfear ar fáil san Uainchlár Faireacháin na critéir seo a leanas:

1. taithí ghairmiúil fhairsing **trí bliana ar a laghad** i réimse CET, i réimsí amhail comhordú, pleanáil, cur chun feidhme, faireachán agus tuairisciú foriomlán ar idirghabhálacha agus/nó ar thionscadail a bhaineann le nós imeachta tearmainn nó córais ghlactha, meastóireachtaí, bainistiú próisis, bainistiú ionaid ghlactha, measúnú leochaileachta, comhordú leis na húdaráis náisiúnta, dearbhú cáilíochta agus sainaithint dea-chleachtas;

2. eolas fónta cruthaithe ar na caighdeáin CEAS is infheidhme (e.g. eolas ar ionstraimí CEAS, uirlisí praiticiúla EUAA, etc.);
3. eolas leordhóthanach ar an mBéarla mar theanga oibre na Gníomhaireachta;
4. a bheith fostaithe ag údarás náisiúnta.

Sa bhreis ar na critéir thuas, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin scileanna sonracha eile do shaineolaithe na mBallstát (e.g. scileanna teanga, scileanna dréachtaithe, etc.) a shainaithint má mheastar go bhfuil sé sin an-úsáideach chun críocha rannpháirtíocht i gcleachtadh faireacháin a chinneadh.

Ba cheart do na Comhordaitheoirí Faireacháin Náisiúnta a áirithiú go gcomhlíontar na critéir thuas agus na saineolaithe á n-ainmniú don uainchlár.

Déanann na Ballstáit a ndícheall an líon céanna saineolaithe a ainmniú i réimse an nós imeachta tearmainn agus an ghlactha.

### *8.1.6 Oiliúint, roghnú agus ceapadh sna foirne saineolaithe*

Áiritheoidh an Ghníomhaireacht go mbeidh an oiliúint is gá faighte ag saineolaithe a bheidh rannpháirteach sna foirne faireacháin saineolaithe, oiliúint a bheidh ábhartha maidir lena rannpháirtíocht sna cleachtaí faireacháin eagraithe ag an nGníomhaireacht. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcás inar gá agus roimh an gceapachán nó tráth an cheapacháin chuig cleachtadh ar leith, oiliúint a bhaineann go sonrach leis an sásra faireacháin a chur ar fáil do na saineolaithe.

Bunóidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin rialacha agus nósanna imeachta chun saineolaithe ó fhoireann na Gníomhaireachta, saineolaithe na mBallstát chomh maith le saineolaithe ón gCoimisiún agus saineolaithe UNHCR a cheapadh, a bheidh mar chuid d'fhoireann saineolaithe le haghaidh cleachtadh faireacháin sonrach. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar chothromaíocht inscne agus ar ionadaíocht gheografach chothrom i measc saineolaithe uile na mBallstát sa sásra faireacháin ina iomláine le linn gach timthrialla faireacháin. Nuair is féidir, féadfar saineolaithe ó na Ballstáit, a ndéantar faireachán orthu féin an bhliain sin nó sa chéad leath den bhliain ina dhiaidh sin, a dhíolmhú ó fhoireann saineolaithe an bhliain sin.


Tá EUAA agus an Coimisiún tiomanta do pháirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí faireacháin le baill foirne a bhfuil cuid mhór taithí acu mar chomhaltaí. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar thaithí ghairmiúil ábhartha agus ar shaineolas ábhartha na foirne agus iad á gceapadh mar bhaill den fhoireann saineolaithe.

Ní bheidh saineolaithe na mBallstát ina gcuid d'fhoireann saineolaithe a dhéanfaidh cleachtadh faireacháin sa tír ina bhfuil siad fostaithe (lena n-áirítear baill foirne ar saoire gan phá, saineolaithe náisiúnta ar iasacht) agus/nó tír a náisiúntachta, i gcás dénáisiúntachta nó náisiúntachta roimhe sin.

Chomh maith le bearta rialta chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus chun tacú le **neamhchlaontacht** na foirne saineolaithe, cloífear le "tréimhse mharana" trí bliana ar a laghad tar éis a bheith fostaithe ag an riarachán náisiúnta atá faoi athbhreithniú agus/nó i réimse an tearmainn (e.g. le haghaidh ENR, nó mar dhlíodóir atá ag gabháil go díreach don nós imeachta náisiúnta, etc.) sa Bhallstát atá faoi

athbhreithniú nó tar éis a bheith ag obair dó (lena n-áirítear mar chomhpháirtí nó mar chonraitheoir cur chun feidhme) sular féidir le comhalta den fhoireann saineolaithe páirt a ghlacadh i bhfaireachán an Bhallstáit lena mbaineann. Beidh feidhm ag an srian céanna maidir le saineolaithe na mBallstát a n-imscarann EUAA iad mar chuid d'Fhoireann Tacaíochta Tearmainn i dtaobh an Bhallstáit a imscartar.

**Fíor 5. Cur i láthair scéimreach ar an nós imeachta maidir le rannpháirtíocht shaineolaithe na mBallstát sna foirne saineolaithe**




*Foinse:* EUAA

### *8.1.7 Cur chun feidhme*

Leagfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Cód Iompair amach do na foirne saineolaithe, lena n-áirítear aon phearsanra tacaíochta (e.g. ateangairí).

Glacfar tuilleadh sonraí maidir le cur chun feidhme na modheolaíochta i ndáil leis na foirne saineolaithe trí bhíthin cinneadh amháin nó níos mó ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

## 8.2 Socruithe praiticiúla don chuairt ar an láthair

### *8.2.1 Rialacha ginearálta maidir le heagrú cuairteanna ar an láthair*

Déantar an cleachtadh faireacháin i ndlúthchomhar leis an mBallstát, rud a éascaíonn aon chuairt ar an láthair a dhéantar chun críocha an tsásra faireacháin. I gcás cleachtadh faireacháin *ad hoc* dá bhforáiltear in Airteagal 15(2), déanfaidh an Ghníomhaireacht cuairteanna ar gearrfhógra.

Tabharfaidh EUAA fógra do na Ballstáit lena mbaineann luath go leor roimh aon chuairt den sórt sin. Eagraítear na cuairteanna ar an láthair i gcomhar leis an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir leis an gclár faireacháin bliantúil (féach Caibidil 11 Clár Monatóireachta: struchtúr agus critéir ghrúpála). Tugann an Ghníomhaireacht faoi na gníomhaíochtaí ullmhúcháin go léir is gá chun eagrú éifeachtúil na gcuairteanna ar an láthair a áirithiú. Cinntear raon feidhme na cuairte ar an láthair ar bhonn an bhailithe faisnéise mar ullmhúchán don chleachtadh faireacháin.

Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht an **dréachtchlár oibre** do na cuairteanna ar an láthair ina léirítear, i.e.:

- fad, raon feidhme tosaigh agus amlíne na cuairte ar an láthair;
- na húdaráis náisiúnta a rachfar i gcomhairle leo le linn na cuairte ar an láthair mar chuid den phróiseas comhordúcháin faoi stiúir an Bhallstáit;
- cruinnithe a bheidh le heagrú ag EUAA/ag foireann saineolaithe le geallsealbhóirí ábhartha eile;
- liosta de na háiteanna ar díol spéise iad, e.g. saoráidí glactha[15], ionaid choinneála a úsáidtear chun críocha Airteagal 8 den Treoir maidir le Dálaí Glactha, pointí teorann, pointí clárúcháin, etc. agus gníomhaíochtaí atá beartaithe. Tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát, féadfaidh an fhoireann saineolaithe a iarraidh le linn na cuairte ar an láthair go rachfaí agus go bhfeicfí áiteanna breise ar bhonn faisnéise a bhailítear le linn na cuairte ar an láthair;
- a mhéid is féidir ainmneacha na foirne saineolaithe.

Rachfar i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann maidir leis an dréachtchlár oibre:

- sé seachtaine ar a laghad sula mbeidh cuairt ar an láthair le tabhairt;
- 72 uair an chloig roimh chuairt ghearr ar an láthair.

Tabharfaidh an Ballstát a mbeidh faireachán le déanamh air cúnamh don fhoireann saineolaithe a cúraimí a chomhlíonadh le linn na cuairte ar an láthair.

Ní mór **saincheisteanna slándála agus sábháilteachta** a chur san áireamh i gcónaí le linn an chleachtaidh faireacháin, agus ní mór bearta coimirce a ráthú. Ba cheart don Bhallstát óstach an fhoireann a chur ar an eolas faoi na gnéithe uile is gá a thagraíonn do na saincheisteanna sonracha slándála, sábháilteachta agus cosanta a d'fhéadfadh tarlú le linn na cuairte (e.g. cuairt ar ionaid iata) agus treoracha a thabhairt maidir leis na rialacha atá le leanúint chomh maith le haon fhoirmiúlachtaí is gá agus/nó aon teorainneacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Coinníonn EUAA freagracht as sábháilteacht na bhfoirne saineolaithe.

I gcás cúinsí tobanna agus nach bhfuil aon fhasach ann dóibh (e.g. teagmhais éigeandála, tubaistí nádúrtha, etc.), féadfar clár na cuairte ar an láthair a choigeartú le haghaidh na suíomhanna lena mbaineann i gcomhairle leis an mBallstát.

### Ateangaireacht

Is é an Béarla teanga oibre na foirne saineolaithe.

I gcás cruinnithe agus/nó áiteanna spéise breise a dtabharfar cuairt orthu, e.g. saoráidí glactha, ionaid chlárúcháin, etc., beidh ateangairí a sholáthróidh an Ghníomhaireacht iad in éineacht leis an bhfoireann

[15] I gcás nach bhfuil liosta iomlán ag EUAA de shuíomhanna nó de shaoráidí an Bhallstáit lena mbaineann, bunófar nós imeachta go déthaobhach leis an mBallstát lena mbaineann nuair a thionscnófar an próiseas bailithe faisnéise chun suíomhanna nó saoráidí ábhartha a shainaithint (féach amlíne 6.1). I gcás ina léiríonn an Ballstát go bhféadfadh líon doláimhsithe suíomhanna nó saoráidí a bheith i liosta, soláthróidh EUAA critéir i gcomhairle leis na Ballstáit chun suíomhanna a scagadh.

saineolaithe chun cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ábhartha a áirithiú (e.g. agallaimh, etc.). Cuirfidh EUAA ateangaireacht ar fáil de réir mar is gá.

### Socruithe taistil

Comhordaíonn an Ghníomhaireacht na socruithe taistil is gá, lena n-áirítear le haghaidh an taistil inmheánaigh is gá laistigh den Bhallstát (e.g. taisteal idir na láithreáin atá lonnaithe i réigiúin nó i gcúigí éagsúla, etc.) agus lóistín laistigh den Bhallstát lena mbaineann. Eagrófar an aisíocaíocht as na costais taistil agus chóiríochta i gcomhréir leis na "Rialacha do Shaineolaithe" (féach an sprioc insoláthartha ábhartha).

### Seomraí cruinnithe

Ba cheart don Bhallstát a bhfuil faireachán á dhéanamh air seomraí cruinnithe a sholáthar chun cruinnithe leis na húdaráis náisiúnta a eagrú nó ba cheart dó a léiriú le linn na céime ullmhúcháin nach bhfuil seomraí den sórt sin ar fáil. Sa chás sin, lorgóidh EUAA socruithe éagsúla.

I gcás cruinnithe le páirtithe leasmhara eile, tabharfaidh an Ghníomhaireacht faoi chostais ábhartha le haghaidh seomraí cruinnithe.

# 9 Creat sonrach le haghaidh pleanáil theagmhasach

Is príomhchuspóir de shainordú faireacháin EUAA é measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht agus ullmhacht na mBallstát maidir le cásanna brú dhíréirigh a bhainistiú.

Bíonn nósanna imeachta tearmainn agus córais ghlactha i gcónaí faoi réir insreabhadh athraitheach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Ní hamháin gur féidir le hinsreafaí méadaithe, ach le treochtaí íslitheacha freisin, dúshláin thromchúiseacha a chruthú do na riaracháin tearmainn agus ghlactha. Dá bhrí sin, ní mór do riaracháin tearmainn agus ghlactha a bheith in ann acmhainní agus acmhainneachtaí a uas-scálú agus a íos-scálú go tapa. Go háirithe, le linn phróiseas an íos-scálaithe, ní mór do riaracháin coinneáil an eolais i gcás nósanna imeachta an-chasta a bhainistiú agus ní mór sásraí a bheith idir lámha acu chun acmhainní agus acmhainneacht a mhéadú go tapa i gcás insreabhadh méadaithe athnuaite.

Ina theannta sin, ní mór don ullmhacht agus don phleanáil theagmhasach a bheith in ann brath ar eagrú éifeachtúil na bpróiseas laethúil atá inscálaithe agus freagrúil don athrú. Is éard atá i gceist le hinscálaitheacht ná nach gcuirtear bac ar an bpróiseas go héasca nuair a leathnaítear é, mar shampla mar gheall ar easpa spáis agus acmhainní nó uaireanta oscailte nó teagmhála teoranta.

Ar na cúiseanna sin, ní hamháin go mbraitheann cumas agus ullmhacht na mBallstát cásanna de bhrú imirce breise i nósanna imeachta tearmainn agus i gcórais ghlactha a bhainistiú ar phleananna teagmhasacha maithe a bheith acu, ach braitheann siad freisin ar eagrú laethúil na bpróiseas sa riarachán.

Dá bhrí sin, cuirfidh faireachán EUAA ar acmhainneacht agus ullmhacht na mBallstát le dhá cholún; ar an gcéad dul síos, acmhainneacht, éifeachtúlacht agus freagrúlacht na bpróiseas laethúil leanúnach agus ar an dara dul síos, pleananna teagmhasacha a bheith ann agus a bhfeidhmiú chun freagairt thapa agus éifeachtach a thabhairt ar chásanna éagsúla brú dhíréirigh.

Le faireachán EUAA ar acmhainneacht agus ullmhacht na mBallstát chun cásanna brú dhíréirigh a bhainistiú, féachfar le comhsheasmhacht a bhaint amach leis na modhanna agus leis na treoirlínte cur chun feidhme a forbraíodh faoin Treoirphlean Ullmhachta Imirce agus Géarchéime.

### Éifeachtúlacht agus freagrúlacht na gcóras tearmainn agus glactha

Maidir le hacmhainneacht, éifeachtúlacht agus freagrúlacht na bpróiseas, díreoidh an faireachán, i gcomhréir le critéir oibiachtúla OVR1, OVR2, OVR3, REC6, REC7 agus DUB5, ar na ceithre ghné seo a leanas.

1. Infhaighteacht agus inniúlacht na n-acmhainní **daonna riachtanacha i nósanna imeachta tearmainn**, eadhon: oifigigh chlárúcháin (bunú agus lóistín a chlárú), oifigigh bainistithe cáis (agallaimh, agus cinnteoirí), oifigigh Rialachán Bhaile Átha Cliath, ateangairí/aistritheoirí, agus baill foirne tacaíochta a bhfuil gá leo chun agallamh a eagrú, chun fógra a thabhairt faoin gcinneadh agus chun doiciméid ábhartha a eisiúint.
2. Infhaighteacht agus acmhainneacht na n-áiteanna **glactha agus na n-acmhainní daonna riachtanacha**, eadhon oifigigh ghlactha, lena n-áirítear an fhoireann atá freagrach as riachtanais ghlactha speisialta a shainaithint, agus ateangairí/aistritheoirí.

3. Éifeachtúlacht na bpróiseas atá ann cheana, lena n-áirítear:
   - éifeachtúlacht na bpróiseas, cuir i gcás clárú agus taisceadh na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus, más infheidhme an t-idirdhealú sin, agus na próisis chlárúcháin agus taiscthe féin, maille leis an tarchur chuig nós imeachta Bhaile Átha Cliath más infheidhme;
   - éifeachtúlacht an phróisis aistrithe ó chéim an chlárúcháin go dtí an iontógáil agus an glacadh (más infheidhme);
   - éifeachtúlacht an tsásra sainaitheanta, measúnaithe agus freagartha d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta ghlactha agus nós imeachta acu, lena n-áirítear leanaí neamhthionlactha;
   - éifeachtúlacht an phróisis chun an Ballstát atá freagrach a chinneadh agus cur chun feidhme éifeachtach aistrithe Bhaile Átha Cliath;
   - éifeachtúlacht an phróisis pleanála agus stiúradh an agallaimh phearsanta;
   - éifeachtúlacht an phróisis cinnteoireachta agus bainistiú na sreafaí oibre cinnteoireachta, lena n-áirítear nósanna imeachta achomhairc;
   - éifeachtúlacht an phróisis chun áiteanna in ionaid ghlactha a leithdháileadh (dul isteach agus imeacht).
4. Maoirseacht inmheánach ar neamhéifeachtúlachtaí agus ar scrogaill a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe riaráistí:
   - sna nósanna imeachta tearmainn a bhaineann le príomhchéimeanna sa nós imeachta, amhail líon na gcásanna atá ar feitheamh agallamh pearsanta nó líon na gcásanna a cuireadh faoi agallamh, ach atá ar feitheamh cinnidh, agus na cúiseanna leis sin;
   - sna córais ghlactha a bhaineann le príomhchéimeanna próisis amhail leithdháileadh na n-acmhainní glactha ábharacha nó an próiseas eis-sreafa ó shaoráidí glactha.

**Pleanáil theagmhasach**

I gcomhréir leis na critéir oibiachtúla, díreoidh faireachán EUAA ar cheithre ghné a bhaineann le pleanáil theagmhasach sna Ballstáit.

1. **Pleanáil theagmhasach** a bheith ann a bhaineann leis na nósanna imeachta tearmainn agus na córais ghlactha, go háirithe a stádas, na comhpháirteanna bunriachtanacha, a solúbthacht agus a n-éifeachtacht, a gcomhghaol le pleananna bainistithe géarchéime eile, agus eolas na mball foirne ábhartha ar na pleananna, lena n-áirítear a n-ullmhacht chun iad a chur i bhfeidhm. I ndáil leis an méid sin, déanfaidh EUAA measúnú ar na sásraí agus ar an acmhainneacht chun na hacmhainní daonna agus na próisis dhaonna a mhéadú go tapa nuair is gá, lena n-áirítear ullmhacht na mBallstát cúnamh oibríochtúil agus teicniúil EUAA a iarraidh agus a ionsú mar chuid den phleanáil theagmhasach.
   - Sásraí agus pleananna chun líon na n-acmhainní daonna riachtanacha a mhéadú de réir mar is gá; cistiú leordhóthanach a sholáthar, conairí meara earcaíochta agus/nó pleananna chun cúltacaí pearsanra a ghníomhachtú, cláir oiliúna thapa agus/nó spriocdhírithe gan dochar don ghá atá le hoiliúint chuí;
   - Sásraí mearsholáthair nó pleananna chun na hacmhainní lóistíochta is gá a leathnú chun an fhoireann bhreise a imscaradh agus sásraí mearsholáthair agus/nó sásraí méadaithe soláthair a bheith ann agus pleananna chun líon na n-acmhainneachtaí glactha atá ar fáil a leathnú go tapa, agus módúlachtaí eisceachtúla a d'fhéadfadh a bheith ann chun dálaí glactha ábharacha a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 18(9) RCD (athmhúnlú), agus an stoc soláthairtí á gcur san áireamh.

2. **Athbhreithniú nó tástáil** rialta, agus, nuair is gá, oiriúnú agus nuashonrú a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála teagmhasaí agus ullmhachta.
3. Sásraí athbhreithnithe nó maoirseachta chun measúnú a dhéanamh ar bhonn rialta ar cé acu a baineadh nó nár baineadh amach truicear a chomhfhreagraíonn do ghníomhachtú cáis den phlean teagmhais.
4. **Sásraí comhordúcháin** chun cur chun feidhme na bpleananna teagmhais a bhainistiú, a ghníomhachtú agus a stiúradh bunaithe ar thruicir shainaitheanta.

I gcás ina dtagraíonn pleananna teagmhasacha nó bearta a bhaineann le tearmann agus glacadh do chóras bainistithe géarchéime náisiúnta níos leithne, nó i gcás ina bhfuil siad leabaithe ann, déanfar an faireachán gan dochar don chóras bainistithe géarchéime náisiúnta.

### Céimeanna praiticiúla chun faireachán a dhéanamh ar phleanáil theagmhasach.

I gcomhréir le hAirteagal 14(6) de Rialachán EUAA: "Déanfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don Ghníomhaireacht, faisnéis maidir lena bpleanáil theagmhasach le haghaidh bearta a dhéanfar chun déileáil leis an mbrú díréireach féideartha ar a gcóras tearmainn agus glactha a sholáthar di."

I ndáil leis sin, féadfaidh EUAA faisnéis a iarraidh maidir leis na hacmhainneachtaí agus na pleananna teagmhasacha nó na pleananna teagmhasacha a chomhroinnt iad féin, trí cheistneoir caighdeánaithe.

Le linn na cuairte ar an láthair, féadfaidh na foirne saineolaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Féachaint ar na pleananna teagmhais ar an láthair atá ann cheana , i gcomhréir le haon leibhéal aicmiúcháin is infheidhme maidir leis an doiciméad;
- Agallamh a chur ar phríomhpháirtithe leasmhara an phlean theagmhasaigh agus ar na haonaid atá freagrach as an bhfreagairt ar ghéarchéimeanna a chomhordú ar an leibhéal náisiúnta;
- Go roghnach, ag brath ar chomhaontú an Bhallstáit, cleachtadh ionsamhlúcháin boird chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú plean teagmhais in éineacht le príomhpháirtithe leasmhara ar an leibhéal náisiúnta. Cuirtear cás sonrach i láthair na bpríomhpháirtithe leasmhara, agus iarrtar orthu na gníomhaíochtaí freagartha agus na céimeanna nithiúla atá le déanamh chun na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a fhoirmliú chucu. Ag deireadh an chleachtaidh, déanann na rannpháirtithe meastóireacht ar éifeachtúlacht a bplean freagartha agus sainaithníonn siad láidreachtaí agus laigí a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu.

# 10 Creat sonrach le haghaidh faireachán *ad hoc*

Mar an gcéanna le faireachán tíre agus faireachán téamach, is é aidhm fhoriomlán an fhaireacháin *ad hoc* sainaithint na n-easnamh a d’fhéadfadh a bheith i gcórais tearmainn agus ghlactha na mBallstát agus sainaithint aon saincheisteanna a bhaineann le hacmhainneacht agus ullmhacht chun cásanna de bhrú díréireach a bhainistiú, chun críche éifeachtúlacht na gcóras sin a fheabhsú.

Tionscnófar cleachtaí faireacháin *ad hoc* má tá “ábhair imní” ann a eascraíonn as an anailís faisnéise. Ní mór ábhair imní a bheith bunaithe ar fhaisnéis nithiúil iontaofa agus ní mór an drochthionchar a d’fhéadfadh a bheith ag easnaimh nó ag saincheisteanna maidir le hacmhainneacht agus ullmhacht ar fheidhmiú chóras tearmainn nó glactha Ballstáit a bheith suntasach. Tugtar le tuiscint le hábhar imní, áfach, nach gá a mheas go bhfuil easnaimh nó saincheisteanna acmhainneachta agus ullmhachta faoi seach bunaithe roimh an gcinneadh chun an faireachán a thionscnamh, ós rud é gurb é sin is cuspóir don chuairt faireacháin *ad hoc*.

Ar an gcéad dul síos, ní mór an fhaisnéis ar a bhfuil na hábhair imní bunaithe a bheith **nithiúil agus iontaofa**. Faigheann EUAA faisnéis faoi seach ón anailís ar staid an tearmainn san Aontas a ndéanann an ghníomhaireacht í faoi Airteagal 5 dá Rialachán16. Cuirfear san áireamh na tuarascálacha ó oifigigh Idirchaidrimh EUAA, i.e. “Déanfaidh siad tuarascálacha a chur ar fáil don Stiúrthóir Feidhmiúcháin go tráthrialta faoi staid an tearmainn sa Bhallstát lena mbaineann agus a chumas chun a chórais tearmainn agus ghlactha a bhainistiú go héifeachtach” (Airteagal 7(4)(f)). “I gcás ina n-ardaíonn na tuarascálacha dá dtagraítear i bpointe (f) den chéad fhomhír ábhair imní maidir le ceann amháin nó níos mó de na gnéithe is ábhartha don Bhallstát lena mbaineann, cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Ballstát sin ar an eolas gan mhoill. Déanfar na tuarascálacha sin a chur san áireamh chun críocha an tsásra faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 14 agus déanfar iad a tharchur chuig an mBallstát lena mbaineann.” (Airteagal 7(4) de Rialachán EUAA). Déanfar measúnú ar aon fhaisnéis a d’fhéadfadh a bheith ina cúis le hábhair imní thromchúiseacha maidir lena hoibiachtúlacht agus, a mhéid is féidir, déanfar í a chros-seiceáil le foinsí eile faisnéise chun a cruinneas agus a hábharthacht a áirithiú i gcomhréir leis an gcreat maidir le bailiú agus anailís faisnéise (féach Caibidil 5 Creat um bailiú agus anailísiú faisnéise).

Ar an dara dul síos, ba cheart an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an easnamh nó ag aon saincheist maidir le hacmhainneacht agus ullmhacht a bheith suntasach sa mhéid go bhféadfadh iarmhairtí ábhartha a bheith ann d’fheidhmiú chóras tearmainn agus glactha an Bhallstáit ina iomláine.

[16] Airteagal 5(1) de Rialachán EUAA: “Déanfaidh an Ghníomhaireacht faisnéis faoi staid an tearmainn san Aontas agus i dtríú tíortha a bhailiú agus a anailísiú a mhéid go bhféadfadh sé sin tionchar a bheith aige ar an Aontas, lena n-áirítear faisnéis cothrom le dáta faoi bhunchúiseanna, sreafaí imirce agus dídeanaithe, mionaoisigh neamhthionlactha a bheith i láthair, an acmhainneacht ghlactha fhoriomlán agus riachtanais athlonnaithe na dtríú tíortha, agus faoi aon mhórphlódú isteach féideartha de náisiúnaigh tríú tír a d’fhéadfadh brú díréireach a chur ar chórais tearmainn agus ghlactha na mBallstát, d’fhonn faisnéis thráthúil agus iontaofa a sholáthar do na Ballstáit agus rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann do chórais tearmainn agus ghlactha na mBallstát a shainaithint. Chun na críche a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo, oibreoidh an Ghníomhaireacht i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus cuirfidh sé san áireamh de réir mar is iomchuí, an anailís déanta ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta faoi Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/1896 chun an leibhéal comhsheasmhachta agus cóineasaithe is airde a áirithiú san fhaisnéis a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta.”

Cuirfidh EUAA san áireamh aon fhaisnéis atá ar fáil maidir le gníomhaíochtaí atá déanta cheana féin ag an mBallstát chun an staid a leigheas.

### Céimeanna chun tús a chur leis an gcleachtadh faireacháin *ad hoc*

I gcás ábhair imní thromchúiseacha a fhágann gur gá cleachtadh faireacháin *ad hoc* a thionscnamh, téann EUAA i gcomhairle leis an gCoimisiún. I gcomhréir le hAirteagal 15 (2) de Rialachán EUAA, féadfaidh an Coimisiún an cleachtadh faireacháin *ad hoc* a thionscnóidh an Ghníomhaireacht a iarraidh freisin.

Tá Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUAA freagrach as cleachtaí faireacháin *ad hoc* a thionscnamh. Cuirfear an Ballstát ar an eolas a luaithe is féidir go bhfuil tús á chur le cleachtadh faireacháin *ad hoc* bunaithe ar ábhair imní thromchúiseacha. Áireofar san fhaisnéis sin má thionscnaítear an cleachtadh faireacháin ar thionscnamh EUAA nó arna iarraidh sin don Choimisiún, na cúiseanna a dtionscnaítear an faireachán agus na gnéithe de CEAS a bheidh ina n-ábhar don chleachtadh faireacháin *ad hoc*, lena gcinnfear raon feidhme an chleachtaidh. Seolfar na fógraí chuig an gComhordaitheoir Náisiúnta Faireacháin, agus cuirfear cóip de Chomhalta Bhord Bainistíochta EUAA agus dá gcomhaltaí malartacha faoi seach.

Féadfaidh EUAA cuairteanna gearrfhógra a dhéanamh chun tacú leis an gcleachtadh faireacháin *ad hoc*. Cuirfear an Ballstát ar an eolas 72 uair an chloig roimh chuairt faireacháin ar gearrfhógra. Roimh an gcuairt, déanfar cruinniú a phleanáil chomh maith leis an gComhordaitheoir Náisiúnta Faireacháin agus leis na húdaráis fhreagracha.

Chun tacú leis an bhfaireachán *ad hoc*, féadfaidh EUAA liosta ceisteanna sonracha a sheoladh chuig an mBallstát lena mbaineann. Beidh na hamlínte chun na ceisteanna a fhreagairt fada go leor chun go mbeidh an Ballstát in ann an freagra a thabhairt go réasúnta.

Tabharfar an deis do na Ballstáit faisnéis bhreise a chur ar fáil maidir le haon cheisteanna atá fós gan réiteach tar éis na cuairte ar an láthair laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe.

### Socruithe praiticiúla sonracha is infheidhme maidir le cleachtaí faireacháin *ad hoc*

Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cuairteanna ar gearrfhógra chun críocha cleachtadh faireacháin *ad hoc*. Níl na cleachtaí faireacháin *ad hoc* faoi réir na gclár ilbhliantúil ná bliantúil agus déantar iad sa bhreis ar na cleachtaí sin.

Mar a thuairiscítear thuas, tabharfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin fógra don Bhallstát lena mbaineann tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig roimh ré. Ba cheart réamhfhógra a sheoladh i scríbhinn **(trí ríomhphost)** chuig an gComhordaitheoir Náisiúnta Faireacháin **agus chuig an gComhalta Malartach** agus chuig Comhalta an Bhoird Bainistíochta faoi seach **agus chuig an gComhalta Malartach**, agus déanfaidh an Ghníomhaireacht obair leantach láithreach chun a áirithiú go bhfuarthas an fhaisnéis.

I bhfianaise a phráinní atá an chuairt, is í an Ghníomhaireacht amháin atá freagrach as an gclár oibre mionsonraithe a bhunú. A luaithe a thabharfar fógra don Bhallstát, rachaidh an Ghníomhaireacht i

gcomhairle leis an amchlár agus leis an gclár mionsonraithe leis an mBallstát lena mbaineann agus cuirfidh sí san áireamh aon bharúlacha a thabharfaidh an Ballstát ina leith sin.

Dá bhrí sin, is ar an nGníomhaireacht atá an t-ualach lóistíochta, a dhéanann comhordú ar na socruithe uile is gá agus ba cheart di a áirithiú go mbeidh ateangaire cáilithe nó ateangairí cáilithe ar fáil chun tacú leis an bhfoireann saineolaithe.

Go ginearálta, ní hionann ullmhú do chuairteanna ar gearrfhógra agus iad a chur chun feidhme agus cuairteanna rialta ar an láthair ar an cúiseanna seo a leanas:

- d'fhéadfadh an chéim thionscnaimh a bheith an-ghearr;
- d'fhéadfadh sé nach mbeadh cúraimí mionsonraithe na foirne saineolaithe agus faisnéis chúlra curtha ar fáil don fhoireann saineolaithe ach ar gearrfhógra (cruinnithe ullmhúcháin), agus;
- go ndéantar an bailiú faisnéise a choigeartú. I ndáil leis sin, féadfar an ceistneoir faireacháin a sholáthar don Bhallstát lena mbaineann agus sprioc-am níos giorra aige nó féadfar é a fhágáil ar lár. Mar sin féin, féadfaidh an Ballstát faisnéis chomhlántach agus/nó freagraí comhlántacha a sholáthar de réir mar is gá, tar éis na cuairte.

Le **cuairt ar an láthair ar gearrfhógra, bíonn gá le solúbthacht agus inoiriúnaitheacht ard ón bhfoireann** saineolaithe agus ón mBallstát lena mbaineann. Bunófar an **fhoireann saineolaithe i gcomhréir leis na rialacha ginearálta do shaineolaithe**, ach ní chuirfear sonraí na cuairte ar fáil go dtí go dtabharfar fógra don Bhallstát lena mbaineann.

## 11 Clár Monatóireachta: struchtúr agus critéir ghrúpála

I gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán EUAA: "Déanfaidh an Bord Bainistíochta, ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus i gcomhairle leis an gCoimisiún, clár a ghlacadh chun críocha an tsásra faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 14 ('an clár faireacháin')…".

Chun trédhearcacht agus intuarthacht a áirithiú, beidh an sásra faireacháin do chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET bunaithe ar **thimthriall faireacháin 5 bliana** (dá ngairtear "timthriall faireacháin" anseo feasta) a leagfar amach i gclár faireacháin ilbhliantúil a chomhlánaítear le clár faireacháin bliantúil do gach ceann de na cúig bliana féilire.

Leagfar amach an méid seo a leanas sa **chlár faireacháin ilbhliantúil**:

- sceideal sealadach na mBallstát a bhfuil faireachán le déanamh orthu faoi phointe (a) d'Airteagal 15(1) de Rialachán EUAA (faireachán tíre) i ngach ceann de na 5 bliana de thimthriall faireacháin. Déanfar meastóireacht ar gach Ballstát uair amháin gach 5 bliana ar a laghad. Saineofar ord beacht agus amlíne na gcleachtaí faireacháin tíre i mbliain shonrach sa chlár faireacháin bliantúil;
- líon sealadach na gcleachtaí faireacháin téamacha maidir le gnéithe téamacha nó sonracha de CET a chur chun feidhme ar fud na mBallstát uile, i gcomhréir leis an Rialachán agus a mhéid is féidir iad sin a thuar. Socrófar líon beacht agus topaicí na gcleachtaí faireacháin théamaigh sa chlár faireacháin bliantúil.

Dearbhófar an méid seo a leanas, ar a uain, i **gclár faireacháin bliantúil**:

- na Ballstáit a bheidh faoi réir cleachtaí faireacháin tíre don chéad bhliain eile mar aon le hord agus amlíne shealadach na gcuairteanna ar an láthair faoi seach i gcomhar leis na Ballstáit, agus
- líon beacht agus topaicí na gcleachtaí faireacháin téamacha mar aon leis an amlíne shealadach.

Glacfaidh Bord Bainistíochta EUAA an clár faireacháin bliantúil faoin 30 Meitheamh den bhliain roimhe sin.

I gcás *force majeure*[17], déanfar coigeartuithe ar an gclár i gcomhaontú leis na Ballstáit lena mbaineann gan gá don Bhord Bainistíochta an clár nuashonraithe a ghlacadh an athuair. Cuirfidh an Ghníomhaireacht an Bord Bainistíochta ar an eolas dá réir sin.

[17] Tagraíonn *force majeure* d'imthosca a thagann chun cinn nach bhfuil neart ag an nGníomhaireacht ná ag na Ballstáit orthu i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlí-eolaíocht CBAE. I gcás Busseni, shainigh an Chúirt *force majeure* mar "imthosca neamhghnácha a fhágann nach féidir an ghníomhaíocht ábhartha a dhéanamh. Cé nach nglactar leis go bhfuil sé dodhéanta go hiomlán, éilíonn sé mar sin féin deacrachtaí neamhghnácha, neamhspleách ar thoil an duine lena mbaineann agus is cosúil go bhfuil sé dosheachanta, fiú má dhéantar gach cúram cuí." Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 9 Feabhra 1984. Acciaierie e Ferriere Busseni SpA v Coimisiún na gComhphobal Eorpach. Cás 284/82. Tuarascálacha na Cúirte Eorpaí 1984 – 00557, aitheantóir ECLI: ECLI:EU:C:1984:47.

## 11.1 Faireachán tíre: grúpáil Ballstát

Chun an t-ord ina ndéanfar faireachán ar na Ballstáit chun críocha faireachán a dhéanamh ar thíortha a shainiú, leanfar an t-ord ina mbeidh Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag na Ballstáit mar a bunaíodh i gCinneadh 2016/1316 ón gComhairle an 26 Iúil 2016.

I ndáil leis an méid sin, is mar seo a leanas a leagtar amach timthriall sealadach 5 bliana an fhaireacháin tíre:

**Fíor 6. Cur i láthair scéimreach ar an ngrúpáil Ballstát don fhaireachán tíre**

| Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 |
|---|---|---|---|---|
| An Ísiltír | An Ostair | An Phortaingéil | An Spáinn | An Liotuáin |
| An tSlóvaic | An Rómáin | An tSlóivéin | An Bheilg | An Ghréig |
| Málta | An Fhionlainn | An Fhrainc | An Ungáir | An Iodáil |
| An Eastóin | An Chróit | An tSeicia | An Pholainn | An Laitvia |
| An Bhulgáir | An Ghearmáin | An tSualainn | An Chipir | Lucsamburg |
| | | | Éire | |

*Foinse:* EUAA

Léirítear sa sceideal thuas ord agus amlíne na gcleachtaí faireacháin tíre. D'fhéadfadh mionathruithe tarlú ag brath ar an mBallstát ina ndéanfar an cleachtadh faireacháin píolótach, ar riachtanais na seirbhíse agus ar luas iarbhír an chur chun feidhme.

Saineofar ord beacht agus amlíne na gcuairteanna ar an láthair le haghaidh cleachtaí faireacháin tíre i mbliain ar leith sa chlár faireacháin bliantúil.

Déanfaidh EUAA a dhícheall gan cleachtadh faireacháin tíre a sceidealú i gcomhthráth le hUachtaránacht sé mhí Chomhairle an Aontais Eorpaigh don Bhallstát lena mbaineann. A mhéid is féidir agus lánurraim á tabhairt do riail an timthrialla 5 bliana, cuirfidh EUAA san áireamh freisin rannpháirtíocht Ballstáit i "bhfoireann trí Uachtaránacht" Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus cuairt ar an láthair á pleanáil aige.

## 11.2 Faireachán téamach: clár faireacháin téamach bliantúil

Chun críocha an tsásra faireacháin, ceadaítear le faireachán téamach faireachán a dhéanamh ar ghnéithe téamacha nó sonracha de CET maidir leis na Ballstáit uile.

Sainítear eagrú an chleachtaidh faireacháin théamaigh sa chlár faireacháin bliantúil faoin 30 Meitheamh den bhliain roimh an mbliain lena mbaineann an clár agus sonraítear ann fócas an chleachtaidh nó na gcleachtadh faireacháin téamach.

Tionscnaítear an cleachtadh faireacháin téamach ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus i gcomhairle leis an gCoimisiún. Dhéanfaí an togra seo agus na hacmhainní atá ar fáil á gcur san áireamh chomh maith le riachtanais réamh-shainaitheanta maidir le faireachán den sórt sin ar fud na mBallstát. Féadfaidh an Líonra Faireacháin aird na Gníomhaireachta a tharraingt ar ábhar ar díol spéise ar leith é maidir le faireachán téamach lena bhreithniú.

Chun dúbláil a sheachaint, déanfar an faireachán téamach a chomhtháthú a mhéid is féidir san fhaireachán tíre do na Ballstáit a mbeidh faireachán le déanamh orthu le linn na bliana sin.

## 11.3 Faireachán *ad hoc*

Níl **faireachán *ad hoc*** faoi réir clársceidealaithe, ná ní bhraitheann sé ar chleachtaí faireacháin eile (faireachán téamach agus/nó tíre) a bheartaítear don tréimhse chéanna.

# 12 Sonraí pearsanta a chosaint chun críocha an tsásra faireacháin

I gcomhréir le hAirteagal 30 de Rialachán EUAA, déantar aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann an Ghníomhaireacht i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725. Tá feidhm ag an dara ceann i gcomhthéacs an tsásra faireacháin freisin. Déanfar na freagrachtaí faoi seach, maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí cosanta sonraí do gach céim den phróiseas faireacháin ina ndéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil, a mhionsonrú leis na Ballstáit i gcomhthéacs an Líonra Faireacháin de réir mar is gá.

# 13 Ról an Líonra Faireacháin

Cuirtear an sásra faireacháin chun feidhme i gcomhairle leis na Ballstáit.

Is é Líonra Faireacháin EUAA (MoNet) líonra na gComhordaitheoirí Náisiúnta Faireacháin agus a n-ionadaithe. Is fóram é MoNet atá ceaptha chun tacú le cur chun feidhme an tsásra faireacháin, aiseolas a mhalartú go rialta agus ceachtanna a fhoghlaim ó chur chun feidhme an tsásra faireacháin. Rachfar i gcomhairle le MoNet freisin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe teicniúla de chur chun feidhme na modheolaíochta d'fhonn feabhas a chur ar na próisis faireacháin agus chun a gcur i bhfeidhm aonfhoirmeach a éascú.

Sa Líonra tá:

- foireann EUAA;
- príomh-Chomhordaitheoir Náisiúnta um Fhaireacháin na mBallstát faoi seach atá faoi cheangal ag Rialachán EUAA, agus an Comhalta Malartach;
- an Coimisiún;
- UNHCR mar bhreathnóir.

Soláthraítear tuilleadh sonraí maidir leis an obair, leis an bhfeidhmiú agus leis an ról sna Téarmaí Tagartha forbartha ag EUAA.

# 14 Athbhreithniú ar an modheolaíocht faireacháin

Tá an mhodheolaíocht choiteann a leagtar amach sa doiciméad seo faoi réir a feabhsaithe agus a oiriúnaithe d'athruithe sa chreat reachtach amach anseo. Is é Bord Bainistíochta EUAA a bhunaíonn gach leasú nó athrú ar an modheolaíocht bunaithe ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus i gcomhairle leis an gCoimisiún.

Foráiltear go ndéanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar bhonn timthrialla d'fhonn athruithe ábhartha a chur chun feidhme roimh an timthriall faireacháin nua.